# POLASAÍ DEIMHNIÚCHÁIN MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ AR LÍNE NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

## An leagan den doiciméad seo 1.2
## Date: 15 Meán Fómhair 2007

**AO don RCD seo:** 1.2.372.980003.1.1.1.1.1

Ní féidir cuid ar bith den doiciméad seo a chóipeáil, a atáirgeadh, a aistriú ná a stóráil i meán leictreonach ná i ríomhfhormáid inneall-léite gan cead scríofa a fháil roimh ré ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cóipcheart 2000 – 2007 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# Clár

1 Réamhrá.......................................................................................................................... 11

2 An Cuspóir atá leis an Ráiteas seo um Polasaí Deimhniúcháin (RPD)........................................... 13

3 Coinníollacha Úsáide.......................................................................................................................... 14

3.1 Feidhm na gCoinníollacha Úsáide.........................................................................................….....14

4 Polasaithe maidir le Deimhnithe a eisíonn ÚD ROS do Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe (Polasaithe ÚD ROS)................................................................................................ 14

4.1 Feidhm Pholasaithe ÚD ROS............................................................................................... 14

5 Aguisín D Gluais............................................................................................................... 15

6 Súiomh Idirlín maidir le Cáipéisí um Polasaí Deimhniúcháin agus Cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ................................................ 27

7 Cúlra ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim/ÚD ROS............................................................................. 27

8 Nós Imeachta um a Leasú........................................................................................................ 28

3.2 Údarás um Cheadú Polasaí (ÚCP)......................................................................................... 28

3.3 Athruithe ............................................................................................................................ 28

Aguisín A – Coinníollacha Úsáide ........................................................................................... 29

2. Úsáid na nDeimhnithe ........................................................................................................ 29

3. Na Daoine mbaineann na Coinníollacha seo dóibh .............................................................. 29

4. Coinníollacha um úsáid Deimhnithe .................................................................... 29

6. Réiteach Díospóidi.............................................................................................................. 31

Aguisín B – Polasaithe maidir le Deimhnithe eisithe chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe (Polasaithe ÚD ROS)..................................................................... 32

1 Réamhrá............................................................................................................................. 32

1.1 Léirbhreithniú ....................................................................................................................... 32

1.1.2 Réamhrá........................................................................................................................ 32

1.1.3 Caighdeáin........ 33

1.1.4 Sainmhínithe ........ 33

1.1.5 Ordlathas Aitheantóirí Oibiachtaí X.500........ 33

1.1.6 Bunú Bhuaicphointe Iontaoibhe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ........ 33

1.2 Aitheantas........ 34

1.2.1 AO ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim........ 34

1.2.2 ÚD ROS AO........ 34

1.2.3 AO an RPD seo........ 34

1.3 Infheidhmitheacht........ 34

1.3.1 Údaráis Deimhniúcháin ........ 34

1.3.1.1 Údarás Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim)........ 34

1.3.1.2 ÚD ROS........ 36

1.3.2 Clárú........ 38

1.3.3 Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe........ 38

1.3.3.1 Feidhmeanna Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe ........ 39

1.3.3.2 Sonraí Teagmhála an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe........ 39

1.3.4 Infheidhmitheacht........ 39

1.3.5 Sonraí Teagmhála........ 39

2 Forálacha Ginearálta ........ 40

2.1 Oibleagáidí........ 40

2.1.1 Oibleagáidí Ginearálta ........ 40

2.1.2 Oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim........ 40

2.1.3 Oibleagáidí ÚD ROS........ 40

2.1.4 Oibleagáidí Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe ........ 40

2.1.5 Oibleagáidí ar Pháirtí ag Brath ........ 41

2.1.6 Oibleagáidí Stóir ........ 41

2.2 Dliteanas........ 41

2.3 Freagracht Airgeadais........ 41

2.3.1 Caidreamh Muiníne ........ 41

2.4 Léirmhíniú........ 41

2.4.1 Reachtaíocht Rialúcháin........ 41

2.4.2 Inscarthacht, Maireachtáil, Cumasc, Fógra ........ 42

2.4.2.1 Inscarthacht ........ 42

2.4.2.2 Maireachtáil (Oibleagáidí Leanúnacha)........ 42

2.4.2.3 Cumasc........ 42

2.4.2.4 Fógra........ 42

2.4.2.5 Gníomh Fógra........ 42

2.4.2.6 Admháil as Fógra ........ 42

2.4.3 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidi ........ 42

2.4.3.1 Ordlathas um Polasaí Deimhniúcháin ........ 43

2.4.3.2 Próiseas........ 43

2.5 Táillí........ 44

2.6 Foilsiú ........ 44

2.6.1 Faisnéis ÚD ROS a Fhoilsiú........ 44

2.6.2 Minicíocht a Foilsithe ........ 44

2.6.3 Rialúcháin Rochtana ........ 44

2.7 Iniúchadh um Chomhlíonadh........ 44

2.7.1 A Mhinice is a Dhéantar Iniúchadh um Chomhlíonadh........ 25

2.7.2 Céannacht/cáilíochtaí Iniúchóra........................................................................................ 45

2.7.3 Caidreamh Iniúchóra le Páirtí Faoi Iniúchadh ................................................................................ 45

2.7.4 Topaicí arna gClúdadh ag Iniúchadh ............................................................................................ 45

2.7.5 Gníomhartha arna nGlacadh de Thoradh Uireasa............................................................................ 45

2.7.6 Torthaí a Chur in Iúl.................................................................................................... 45

2.8 Rúndacht agus Príobháideachas................................................................................................ 45

2.8.1 Cineálacha Faisnéise le Coinneáil ina Rún ..................................................................... 45

2.8.1.1 Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise an Rialtais a Chur i bhFeidhm .......................... 45

2.8.1.2 Faisnéis um Uimhir Cánach ............................................................................................ 46

2.8.1.3 Faisnéis maidir le Clárú.................................................................................................. 46

2.8.1.4 Faisnéis Deimhnithe ...................................................................................................... 46

2.8.2 Cineálacha Faisnéise nach Meastar gur Ábhar Rúnda.............................................................. 46

2.8.2.1 Faisnéis Deimhnithe ...................................................................................................... 46

2.8.3 Cealú/Faisnéis Deimhnithe a Nochtadh ................................................................ 46

2.8.4 Saoráil le haghaidh Oifigeach Forfheidhmithe Dlí ........................................................... 47

2.8.5 Saoráil mar Chuid de Fhollasú Sibhialta......................................................................................... 47

2.8.6 Follasú ar Iarratas an Aonáin ........................................................................................... 47

2.8.7 Cúinsí Saorála Faisnéise Eile ...................................................................... 47

2.9 Cearta um Shealúchas Intleachtúil .......................................................................................... 47

2.9.1 Foráil Ghinearálta............................................................................................................. 47

2.9.1.1 BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.......................................................................................... 48

2.9.1.2 Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha......................................................... 48

2.9.2 Cóipcheart .................................................................................................................. 48

3 Aitheantas agus Fíordheimhniú.................................................................................................. 49

3.1.1 Clárú Tosaigh........................................................................................................ 49

3.1.2 Riarthóirí Úsáideoirí Aonán .............................................................................................. 49

3.1.3 Clárú Tosaigh........................................................................................................ 50

3.1.4 Cineálacha Ainmneacha............................................................................................... 50

3.1.5 A Riachtanaí is atá Ainmneacha a mBaineann Brí Leo ................................................... 50

3.1.6 Rialacha Maidir le Foirmeacha Éagsúla Ainmneacha a Léirmhíniú .................................. 50

3.1.7 Uathúlacht Ainmneacha................................................................................................ 50

3.1.8 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí faoi Éilimh Ainmneacha........................................ 50

3.1.9 Aithint, Fíordheimhniú agus Ról Trádmharcanna .......................................................... 50

3.1.10 Céannacht Aonáin a Fhíordheimhniú............................................................................ 51

3.1.11 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú (Riarthóir)......................................................... 51

3.1.12 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú (Úsáideoir Eile)..................................................... 51

3.1.13 Modh chun Seilbh Eochrach Príobháidí a Chruthú ........................................................... 51

3.2 Athnuachan Tráthrialta Deimhnithe ........................................................................... 51

3.3 Atheochrú tar éis Cealaithe .......................................................................................... 51

4 Riachtanais Oibríochtúla.................................................................................................... 52

4.1 Iarratas maidir le Deimhniú............................................................................................ 52

4.2 Eisiúint Deimhnithe ............................................................................................................ 52

4.2.1 Próiseas Eisiúna Deimhnithe............................................................................................ 52

4.2.1.1 Ceart ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Iarratais ar Dheimhnithe a Dhiúltú........................ 52

4.2.1.2 Tréimhsí Oibríochta........................................................................................... 53

4.3 Glacadh le Deimhniú ...................................................................................................... 53

4.4 Deimhniú a Chealú ........................................................................................................ 53

4.4.1 Cúinsí a Chealaithe............................................................................................ 53

4.4.2 Daoine i dTeideal Cealú a Iarraidh.......................................................................................... 54

4.4.3 Nós Imeachta um Iarratas Maidir le Deimhniú a Chealú..................................................... 55

4.4.3.1 Próiseáil ag ÚD ROS ..................................................................................... 55

4.4.3.2 Dualgais Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe ....................................................... 55

4.5 Deimhniú a Chur ar Fionraí ........................................................................................................ 55

4.5.1 Minicíocht Eisiúna LDC ..................................................................................................... 55

4.6 Loganna Iniúchta ........................................................................................................................... 55

4.6.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh .......................... 55

4.6.2 Tréimhse Coinneála Cartlainne.................................................................................... 56

4.6.2.1 Eochracha a Choinneáil Slán ........................................................................... 56

4.6.2.2 Deimhniú a Choinneáil Slán.................................................................... 56

4.6.2.3 Tréimhse Cothabhála Cartlainne.......................................................................... 56

4.6.3 Cartlann a Chosaint............................................................................................................ 56

4.6.4 Nós Imeachta um Chartlann a Chúltacú................................................................................ 56

4.6.5 Riachtanais Maidir le Stampaí Ama a Chur ar Thaifid ........................................................ 56

4.6.6 Córas Bailithe Cartlainne.............................................................................................. 56

4.6.7 Nós Imeachta um Fhaisnéis i gCartlann a Fháil agus a Fhíorú........................................... 57

4.7 Athrú Eochracha ........................................................................................................... 57

4.8 Athshlánú iar Eachtra Amhrais nó Tubaiste...................................................................... 57

4.8.1 Má Thruaillítear Acmhainní Ríomhaireachta, Bogearraí nó/agus Sonraí ................................ 57

4.8.2 Má Chealaítear Eochair Phoiblí ÚD ROS .................................................................. 57

4.8.3 Má Chaitear Amhras ar Eochair Phoiblí ÚD ROS ...................................................... 58

4.8.4 Áis a Dhaingniú Tar Éis Tubaiste Nádúrtha nó Eile................................................... 58

4.8.5 Plean Éigeandála agus Athshlánaithe i ndiaidh Tubaiste ........................................................ 58

4.9 Foirceannadh ÚD ROS.............................................................................................. 58

5 Rialuithe Slándála, idir Fhisiciúil, Nós Imeachta agus Phearsanra........ 59

5.1 Rialuithe Fisiciúla....................................................................................................... 59

5.2 Rialuithe Nós Imeachta ............................................................................................... 59

5.3 Rialuithe Pearsanra ..................................................................................................... 59

6 Rialuithe Teicniúla Slándála........................................................................................... 60

6.1 Péire Eochracha a Chruthú agus a Shuiteáil ........................................................................... 60

6.1.1 Cruthú Péire Eochracha do Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe ................................. 60

6.1.2 Eochair Phríobháideach a Sheachadadh chuig Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe...... 60

6.1.3 Eochair Phoiblí a Sheachadadh chuig Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe ................ 60

6.1.4 Eochair Phoiblí ÚD ROS a Sheachadadh................................................................. 60

6.1.5 Méid Eochracha........................................................................................................... 60

6.1.6 Paraiméadair Eochrach Poiblí a Chruthú........................................................................ 60

6.1.7 Cáilíocht Paraiméadar a Sheiceáil ................................................................................. 60

6.1.8 Eochair Crua-/Bogearraí a Chruthú................................................................................. 61

6.1.9 Críocha Úsáidte Eochracha.......................................................................................... 61

6.2 Eochair Phríobháideach ÚD ROS a Chosaint .............................................................. 61

6.2.1 Caighdeáin Maidir le Modúl Cripteagrafach ................................................................... 61

6.2.2 Rialú Eochrach PrIobháidí ag Daoine Éagsúla.............................................................. 61

6.2.3 Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí .................................................................... 61

6.2.4 Eochair Phríobháideach a Chúltacú .................................................................................. 61

6.2.5 Eochair Phríobháideach a Chur i gCartlann .................................................................. 61

6.2.6 Eochair Phríobháideach a Iontráil i Modúl Cripteagrafach .......................................................... 62

6.2.7 Conas Eochair Phríobháideach a Ghníomhachtú............................................................................ 62

6.2.8 Conas Eochair Phríobháideach a Dhíghníomhachtú .................................................................... 62

6.2.9 Conas Eochair Phríobháideach a Scrios........................................................................................ 62

6.3 Gnéithe Eile de Bhainistiú Péirí Eochracha .................................................................................. 62

6.3.1 Eochair Phoiblí a Chur i gCartlann................................................................................................ 62

6.3.2 Tréimhsí Úsáide Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha ........................................ 62

6.4 Sonraí Gníomhachtaithe ................................................................................................................ 62

6.4.1 Sonraí Gníomhachtaithe a Chruthú agus a Shuiteáil ................................................................... 62

6.4.2 Sonraí Gníomhachtaithe a Chosaint............................................................................................. 62

6.5 Rialuithe Slándála Ríomhairí ......................................................................................................... 63

6.5.1 Riachtanais Teicniúla a Bhaineann go Sonrach le Slándáil Ríomhairí...................................... 63

6.5.2 Rátú Maidir le Slándáil Ríomhairí.................................................................................................. 63

6.6 Rialuithe Teicniúla Maidir le Ciogal Saoil .................................................................................... 63

7 Próifíleanna Deimhnithe agus LDC .................................................................................................. 64

7.1 Próifíl an Deimhnithe...................................................................................................................... 64

7.1.1 Uimhriú na Leaganacha ................................................................................................................ 64

7.1.2 Síneadh le Deimhniú ..................................................................................................................... 64

7.1.3 Aitheantais Oibiachtaí Algartam.................................................................................................... 64

7.1.4 Foirmeacha na nAinmneacha ........................................................................................................ 65

7.1.5 Srianadh na nAinmneacha............................................................................................................. 65

7.1.6 Aitheantóir Oibiachta Polasaí Deimhnithe .................................................................................... 65

7.1.7 Síneadh Srianta Polasaí a Úsáid..................................................................................... 65

7.1.8 Comhréir agus Séimeantaic Cáilitheoirí Polasaí ...................................................... 65

7.1.9 Séimeantaic Próiseála do Bhreisiú Deimhnithe Criticiúla........................................ 66

7.2 Próifíl LDC........................................................................................................... 66

7.2.1 Uimhriú na Leaganacha ............................................................................................ 66

8 Riarachán Sonraíochta.............................................................................................. 66

Aguisín C ......................................................................................................................... 66

Seoltaí Idirlín .................................................................................................................. 66

# 1 Réamhrá

Tá an fhaisnéis sa doiciméad seo dírithe ar lucht foirne freagrach as bainistiú agus oibriú Deimhnithe arna n-eisiúint ag Údarás Deimhniúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD ROS) faoi Údarás Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim) mar chuid de Bonneagar Eochracha Poiblí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ).

Forchoimeádann na Coimisinéirí Ioncaim an ceart cur le téarmaí an chomhaontaithe seo nó iad a leasú nó a athrú trí fhógra i leith na n-athruithe sin a fhoilsiu ar a suíomh idirlín agus má leanann tú ort ag úsáid na seirbhíse seo, ciallóidh sé sin go nglacann tú leis na hathruithe sin.

Léirítear i Léaráid an Creat ina n-oibríonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus an gaol is féidir a bheith idir é agus forbairtí beartaithe eile.

**Creat BEP na gCoimisinéirí Ioncaim**




Possible future developments within? Are there words missing at end?

Revenue Certification Authority (Revenue CA) = Údarás Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim)
Certification Policy = Polasaí Deimhniucháin
Certification Practice = Cleachtas Deimhniucháin

Revenue On-Line Service Certificate Authority (ROS CA) = Údarás Deimhniucháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD ROS)

Other CAs = ÚDanna eile

Certificate Policy Statement = Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin
Certificate Policy = Polasaí Deimhniucháin

**Léaráid 1 – Creat BEP na gCoimisinéirí Ioncaim**

Tá ceangal ar BEP na gCoimisinéirí a chinntiú go gcoinníonn sé muinín na ndaoine dár eisithe Deimhnithe. Léirítear an gaol atá idir ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS i Léaráid Figure 2 sa chéad leathanach eile.

## Struchtúr BEP na gCoimisinéirí Ioncaim




Léaráid 2 – Struchtúr BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

OID = AO

Certificate Policy = Polasaí Deimhniucháin

Revenue Certification Authority = Údarás Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue On-Line Service Certification Authority = Údarás Deimhniucháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim

Certificate Policy Statement = Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin

# 2 An Cuspóir atá leis an Ráiteas seo um Polasaí Deimhniúcháin (RPD)

Tá an fhaisnéis sa RPD dírithe ar a gcearta agus a n-oibleagáidí a mheabhrú do dhaoine dá ndeonaíonn ÚD ROS Deimhnithe. Déantar cur síos ann, chomh maith ar conas a chomhlíonfaidh ÚD ROS a chuid oibleagáidí i leith na ndaoine sin.

Faoin RPD seo, eiseoidh ÚD ROS Deimhnithe do dhaoine a bhfuil Uimhir Rochtana ROS (URR) tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim Uimhir dóibh agus a ghlac leis na Coinníollacha Úsáide (Aguisín A) a bhaineann leis na Deimhnithe sin. Chun críocha an doiciméid seo, tabharfar Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe ar na daoine sin.

Is féidir le duine feidhmiú mar Dhuine Formheasta nó mar Dhuine Údaraithe, arson Aonáin a gcuireann reachtaíocht cánach de cheangal air tuairisceáin nó dearbhuithe gnó/pearsanta. I gcás gur mar sin atá, glacfaidh na Coimisinéirí Ioncaim leis go bhfuil an t-údarás ag an Duine Formheasta sin nó ag an Duine Údaraithe sin sonraí a tharchur chun na gCoimisinéirí Ioncaim ar son an Aonáin agus/nó faisnéis faoi chúrsaí cánach an Aonáin sin a cuireadh isteach cheana a rochtain.

San RPD seo:

1. Leagtar síos in Aguisín A na Coinníollacha Úsáide a bhaineann le heisiúint agus le húsáid Deimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS.
2. Déantar cur síos in Aguisín B ar na polasaithe a úsáideann ÚD ROS chun slándáil agus sláine oibríochtaí agus Deimhnithe ÚD ROS.
3. Tugtar in Aguisín C liostaí de shuímh idirlín a bhaineann le hábhar.
4. Tugtar in Aguisín D Gluais téarmaí.

Cruthaíodh an RPD seo faoi réir ag na forálacha ginearálta i bpolasaí agus i dtreoirlínte an Rialtais maidir le faisnéis agus timpeallachtaí faisnéise teicneolaíochta a chosaint.

Feidhmíonn ÚD ROS faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim faoi réir ag Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 3 Coinníollacha Úsáide

## 3.1 Feidhm na gCoinníollacha Úsáide

Leagann na Coinníollacha Úsáide in Aguisín A amach na coinníollacha a bhaineann le Deimhnithe arna n-eisiúint do Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe ag ÚD ROS.

Ba cheart do Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe a nótáil go sonrach nach féidir le Duine Formheasta ná le Duine Údaraithe na Deimhnithe a úsáid ach amháin i mbun gnó le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim i bPoblacht na hÉireann.

# 4 Polasaithe maidir le Deimhnithe a eisíonn ÚD ROS do Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe (Polasaithe ÚD ROS)

## 4.1 Feidhm Pholasaithe ÚD ROS

Tugtar Polasaithe ÚD ROS in Aguisín B.

Is e is feidhm leis na polasaithe sin treoirlínte a sholáthar maidir le:

1. Deimhnithe arna n-eisíunt ag ÚD ROS for na Coimisinéirí Ioncaim dá gcustaiméirí agus iad á gcruthú, á n-úsáid oibríochtúil, amhras á gcaitheamh orthu, á síothlú agus a gcealú.
2. Slándáil, comhsheasmhacht ar an dá thaobh agus éifeachtúlacht oibríochtaí ÚD ROS.
3. Comhpháirteanna loighciúla agus comhpháirteanna fisiciúla BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chothabháil.

Mar chomhlánú ar an RPD seo tá ráiteas le nótaí maidir leis an bpolasaí a ghabhann le Deimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS. Cáilitheoir polasaí a thugtar ar an ráiteas sin (féach Aguisín B alt 1.3.1.2.3). Tá tacaíocht ag an RPD seo ó dhoiciméid eile dá dtagraítear in Aguisín B. Muna gcuirtear a mhalairt in iúl: cuirtear na doiciméid sin ar fáil go poiblí ar na suímh idirlín a luaitear. Is féidir leat an t-ábhar sin a íosluchtú agus a chóipeáil chun tuiscint a fháil ar do chuid oibleagáidí faoi na Coinníollacha Úsáide, ach ní féidir leat an t-ábhar a úsáid chun críocha ar bith eile.

# 5 Aguisín D Gluais

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Rochtain | Seilbh a fháil ar fhaisnéis nó ar ábhar faoi rún nó Rochtain ar cheantar sonraithe slándála. |
| Rialú Rochtana | Cosc ar úsáid neamhúdaraithe acmhainne, rud a chuimsíonn mí-úsáid acmhainne. |
| Riarthóir | Is é an Riarthóir laistigh de thimpeallacht ROS an duine Formheasta atá in ann Daoine Údaraithe den Aonán céanna a chlárú/chealú. |
| Duine Formheasta | Mar a shainmnínítear in S917G den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Duine a iarrann Deimhniú Digiteach chun a (h)úsáide féin nó ar son Aonáin agus i gcomhair Daoine Údaraithe. |
| Teicníocht chripteagrafach neamhshiméadrach | Teicníocht chripteagrafach ina n-úsáidtear dhá thrasfhoirmiú ghaolmhara, trasfhoirmiú poiblí príobháideach (arna shainmhíniú ag an Eochair Phríobháideach). Tá de bhua ag an dá thrasfhoirmiú sin, nach bhfuil sé indéanta an trasfhoirmiú príobháideach a oibriú amach ón trasfhoirmiú poiblí. NÓTA – Is féidir córas bunaithe ar theicníocht chripteagrafach neamhshiméadrach a bheith ina chóras rúnscríofa, ina chóras sínithe, meascán den dá chóras sin, nó ina chóras eochrach aontaithe. Le teicnící cripteagrafacha neamhshiméadracha, úsáidtear ceithre bhuntrasfhoirmiú: comhartha agus fíorú do scéimeanna sínithe, rúnscríobh agus scaoileadh do chórais rúnscríofa. Coinníonn an t-aonán ar leis iad an síniú agus an dí-chriptiú faoi rún, ach déantar an fíorú agus an criptiú a fhoilsiú. Tá córais chripteagrafacha neamhshiméadracha ann (RSA, mar shampla), inar féidir na ceithre bhunfheidhm a dhéanamh le dhá thrasfhoirmiú: ceann príobháideach chun teachtaireachtaí a shíniú agus a dhí-chriptiú, agus ceann poiblí chun teachtaireachtaí a fhíorú agus a chriptiú. Ón uair nach gnáthúsáid é sin, áfach, coinnítear na ceithre thrasfhoirmiú bunaidh agus na heochracha a fhreagraíonn dóibh ar deighilt óna chéile sa Chaighdeán Idirnáisiúnta seo. |
| Córas cripteagrafach neamhshiméadrach | Córas bunaithe ar theicnící neamhshiméadracha a n-úsáidtear a dtrasfhoirmiú Poiblí chun nithe a chriptiú agus a dtrasfhoirmiú príobháideach chun nithe a dhí-chriprtiú. |
| Péire eochracha neamhshiméadracha | Péire eochracha gaolmhara ina ndéanann an Eochair Phríobháideach an trasfhoirmiú príobháideach agus an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú poiblí. |

| | |
|---|---|
| Córas sínithe neamhshiméadrach | Córas bunaithe ar theicnící neamhshiméadracha a n-úsáidtear a dtrasfhoirmiú príobháideach chun nithe a shíniú agus a drasfhoirmiú poiblí chun nithe a fhíorú. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Fíordheimhniú | Próiseas ina ndéanann soláthraí seirbhíse fíorú chun a s(h)ástachta féin, go dtí leibhéal cuí iontaoibhe maidir le hiarrthóir seirbhíse a bheith i dteideal na seirbhíse sin, nó gan a bheith. |
| Eochair Phríobháideach Fíordheimhnithe | An eochair lena sínítear teachtaireacht go digiteach. |
| Eochair Phoiblí Fíordheimhnithe | Eochair lena bhfíoraítear síniú digiteach. |
| Fíordheimhniú | Cinnteacht a sholáthar maidir le haitheantas éilithe aonáin. |
| Fíordheimhnitheacht | Airí lena gcinntítear céannacht ruda nó acmhainne a bheith de réir mar a éilítear. Baineann fíordheimhnitheacht le haonáin, mar shampla, úsáideoirí, próisis, córais agus faisnéis. |
| Duine Údaraithe | Mar a shannaítear in S917G den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Duine a fhaigheann Deimhniú Digiteach a d'iarr Duine Údaraithe ar a s(h)on. |
| ÚD | Údarás Deimhniúcháin. San RCD seo, is féidir go gciallódh an téarma "ÚD" ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS. |
| Deimhniú | Cáipéis leictreonach cruthaithe ag an ÚD, arna síniú le heochair phríobháideach an ÚD, ina bhfuil eochair phoiblí agus sonraí an Aonáin agus an Duine Fhormheasta nó Údaraithe. |
| Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin (RPD) | An Nós Imeachta atá le leanúint ag an ÚD agus Deimhnithe á n-eisiúint ag an ÚD do Aonán ar bith. |
| Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) | Ráiteas ina bhfuil cur síos ar na cleachtais a úsáideann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim chun Deimhnithe a eisiúint. |
| Liosta na nDeimhnithe Cealaithe (LDC) | An próiseas faoina ndéantar barántais a bhaineann le péire Eochracha Poiblí a chealú. Tagraíonn, ach go háirithe, do bharántas ag suíomh gur péire faoi nasc aitheanta a chéile an t-aon agus an Eochair Phoiblí. |
| Sraithuimhir an Deimhnithe | Luach slánuimhreach uathúil in ÚD (údarás deimhniúcháin) a eisithe, a bhfuil nasc glan gan athbhrí aige le Deimhniú eisithe ag an ÚD sin. |
| Deimhniú | Sonraí aonáin i slí nach féidir a mbrionnú, i ngeall ar eochair phríobháideach nó rúnda a bhaineann le húdarás deimhniúcháin. |

| | |
|---|---|
| Údarás deimhniúcháin (ÚD) | (i) Ionad muiníneach chun Deimhnithe um Eochracha Poiblí a chruthú agus a eisiúint. Bíonn de rogha ag an údarás deimhniúcháin eochracha a chruthú agus iad a shannadh do na haonáin.<br>(ii) Ionad muiníneach súile úsáideora amháin nó níos mó, chun Deimhnithe a chruthú agus a shannadh. Bíonn de rogha ag an údarás deimhniúcháin eochracha an úsáideora a chruthú.<br>(iii) Ionad muiníneach a dhéanann céannacht úsáideora a fhíorú, Ainm Ar Leith a shannadh don úsáideoir sin agus a dhéanann faisnéis a bhaineann leis an úsáideoir sin a fhíorú, trí shíniú a chur leis na sonraí, rud a chiallaíonn síniú digiteach an úsáideora sin. |
| Slabhra deimhniúcháin | Féach Cosán deimhniúcháin |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Cosán deimhniúcháin | Seicheamh ordaithe Deimhnithe maidir le hoibiachtaí sa CEF (crann eolaire faisnéise), rud is féidir a phróiseáil in éineacht le hEochair Phoiblí don chéad oibiacht sa chosán, chun teacht ar an eochair don oibiacht dheireanach sa chosán, rud is féidir a phróiseáil in éineacht le hEochair Phoiblí na hoibiachtaí tosaigh sa chosán, chun teacht ar an gceann a bhaineann leis an gceann deiridh sa chosán. |
| Iarratas deimhniúcháin | Cáipéis leictreonach ina bhfuil sonraí na nDeimhnithe atá le cruthú ag an ÚD, le comhlánú agus le síniu go digiteach ag an ÚC agus le cur go dtí an ÚD ag an ÚC. |
| Slándáil Chumarsáide (COMSEC) | Na bearta ar fad a bhaineann le díonadh na teileachumarsáide in aghaidh an idircheaptha neamhúdaraithe agus na mí-úsáide. Cuimsíonn Slándáil Cumarsáide:<br>(a) Cripteashlándáil – An chomhpháirt sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as cripteachórais fhiúntacha a bheith suiteáilte agus úsáid cheart a bhaint astu;<br>(b) Slándáil fhisiciúil - An chuid sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as na bearta fisiciúla ar fad a bhíonn riachtanach chun trealamh, ábhar agus doiciméid faoi rún a dhíonadh in aghaidh a Rochtana nó a bhfeisceana ag daoine neamhúdaraithe; agus<br>(c) Slándáil le linn tarchurtha - An chomhpháirt sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as na bearta ar fad arna ndearadh chun tarchur a dhíonadh in aghaidh an idircheaptha neamhúdaraithe, na hanailíse tráchta agus na cluana aithrise (baineann an téarma deiridh sin le hiarrachtaí traschuir bhréige a dhingeadh isteach i gcóras cumarsáide). |
| Coincheap Oibríochtaí (CONOPS) | Cur síos ardleibhéil ar na seirbhísí a bhíonn á dtairiscint ag ÚDanna na gCoimisinéirí Ioncaim, socruithe bainistíochta agus slándála san áireamh. |
| Coinníollacha Úsáide | Coinníollacha Úsáide in Aguisín A an TD |

| | |
|---|---|
| Eochair Rúndachta Phríobháideach | Eochair a úsáidtear chun a bhfuil i dteachtaireacht a rúnscríobh nó a ionchódú. |
| Eochair Rúndachta Phoiblí | Eochair a úsáidtear chun a bhfuil i dteachtaireacht a scaoileadh as a rúnscríobh nó a dhíchódú. |
| Rúndacht | De bhua nach ndéantar faisnéis a sholáthar ná a nochtadh do dhaoine neamhúdaraithe, do aonáin neamhúdaraithe ná do phróiseas neamhúdaraithe. |
| CONOPS | Féach Coincheap Oibríochtaí. |
| RPD | Féach Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin. |
| RCD | Féach Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin. |
| LDC | Féach Liosta na nDeimhnithe Cealaithe. |

| **Téarma nó** | **Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|---|
| Algartam cripteagrafach | | Sainmhínítear algartam cripteagrafach mar algartam ina gcuirtear claochló ar shonraí, d'fhonn an fhaisnéis iontu a cheilt nó a nochtadh agus ina n-úsáidtear paraiméadar rúnda amháin, ar a laghad, chuige sin.<br><br>Cuimsíonn an sainmhíniú sin algartaim shiméadracha (mar shampla, DES agus FEAL) agus algartaim neamhshiméadracha (mar shampla, RSA agus Rabin). I gcás algartaim shiméadraigh, déantar an fhaisnéis a cheilt agus a nochtadh le paraiméadar rúnda. I gcás algartaim neamhshiméadraigh, déantar an fhaisnéis a cheilt le paraiméadar Poiblí agus a nochtadh le paraiméadar rúnda. |
| Faisnéis chripteagrafach | | Faisnéis, ar a n-áirítear cript-ábhar, mar chur síos suntasach ar theicnící cripteagrafacha agus ar phróisis chripteagrafacha, nó ar chórais chripteagrafacha agus ar threalamh cripteagrafadh, nó ar a bhfeidhmeanna agus ar a gcumas, a bheadh ina gcabhair chun téacs inchriptithe nó cripteachóras a shaoráil le hanailís chripteach dá ndéanfaí iad a nochtadh. |
| Eochair chripteagrafach | | Paraiméadar a úsáidtear in éineacht le halgartam chun críocha fíoraithe, fíordheimhnithe, rúnscríofa nó scaoileadh as rúnscríobh. |
| Cripteagrafaíocht | | Araíonacht ina mbíonn prionsabail, meáin agus modhanna maidir le trasfhoirmiú sonraí d'fhonn an fhaisnéis iontu a cheilt agus mar dhíon in aghaidh a hathraithe i ngan fhios agus/nó chun cosc a chur ar a húsáid neamhúdaraithe. |
| DAP | PRE | Prótacal Rochtana Eolaire |
| DEA | ACS | Algartam Criptithe Sonraí |
| Díchriptigh | | Toradh teachtaireacht criptithe a scaoileadh as a criptithe trí mheán téacs criptithe a aistriú go gnáth-théacs. |

| | |
|---|---|
| | |
| DES CCS | Caighdeán Criptithe Sonraí |
| Díolaim | Toradh hais-algartam a chur i bhfeidhm ar théacs teachtaireachta le sonraí sainmhínithe. Níl ann ach líon. |
| Síniú digiteach | Sonraí a chuirtear le haonad sonraí, nó trasfhoirmiú cripteagrafach de (féach cripteagrafaíocht), lenar féidir le hiarrthóir an aonaid sonraí foinse agus sláine an aonaid sonraí a phromhadh agus mar chosaint in aghaidh an bhrionnaithe, mar shampla, ag an bhfaighteoir. |
| Doiciméad | Rud inar féidir faisnéis a thaifeadadh trí mheán ar bith, a chuimsíonn focail, siombail, íomhánna nó impreasan leictreamhaighnéadach. |
| DSA GSE DSA | Algartam Sínithe Dhigitigh. Digital Signature Algorithm. Gníomhaire Seirbhíse Eolaire. Directory Service Agent. |
| Criptiú | Gnáth-théacs a thiontú ina théacs criptithe. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Aonán | Maidir le BEP BEP na gCoimisinéirí Ioncaim , úsáidtear an téarma “Aonán” do chustaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar shampla, is féidir go mbedh Aonán ina chomhlacht, ina iontaobhas, ina pháirtíocht, ina thrádálaí aonair nó ina cháiníocóir aonair atá fóstaithe ag comhlacht agus é/í ag íoc cánach trí ÍMAT. |
| | NÓTA – Uaireanta, úsáidtear “aonán” sa ghluais seo mar théarma ginearálta maidir le Duine Formheasta nó Duine Údaraithe agus/nó páirtí ag brath taobh istigh de BEP. |
| Fíordheimhniú Aonáin | Comhdhearbhú go bhfuil aonán mar a éilítear. |
| Údarás measúnaithe | Eagraíocht a chuireann critéir do phobal sannaithe i bhfeidhm trí scéim measúnaithe agus a dhéanann, dá réir sin, caighdeáin a shocrú agus monatóireacht ar fhiúntas na measúnuithe a bhíonn á reáchtáil ag eagraíochtaí laistigh den phobal sin. |
| | |
| Scéim measúnaithe | An creat riartha agus rialaithe faoina gcuireann údarás measúnaithe critéir i bhfeidhm laistigh de phobal sannaithe. |
| | |
| | |
| Hais | Uimhir ríofa. Úsáidtear hais chun leaganacha píosa ríofa |
| | sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Má thagann le chéile, is féidir cinnteacht áirithe a bhaint as sin gur sonraí slána iad. |
| | |
| Réimse Hais | Réimse an teaghráin mheánaigh a iompraíonn an cód hais. |
| Feidhm Hais | (i) Feidhm (mhatamaiticiúil) a mhapálann luacha as fearann amháin (a d’fhéadfadh a bheith ana-mhór) isteach i réimse níos lú. Bíonn de bhua ag feidhm “mhaith” hais gurb é toradh a curtha i |

| | |
|---|---|
| | bhfeidhm ar thacar (mór) luacha san fhearann ná a scaipeadh go cothrom (amhail dá mba randamach) thar an réimse. |
| | (ii) Feidhm a mhapálann teaghráin giotán do theaghráin faid sheasta giotán, a shásaíonn an dá airí seo a leanas: |
| | - ní rud inríofa ionchur a mhapálann don aschur seo a aimsiúú i gcomhair aschuir áirithe. |
| | - ní rud inríofa ionchur a mhapálann don aschur céanna a aimsiúú i gcomhair aschuir áirithe. |
| | [ISO/IEC 10118-1:1994] [FCD ISO/IEC 14888-1 (12/1997)] |
| | Tá na nótaí seo a leanas in ISO/IEC 10118-1. Tá an dara nóta in ISO/IEC 14888-1, chomh maith. |
| | NÓTAÍ |
| | 1. I litríocht an ábhair tá téarmaí éagsúla ar aon bhrí le feidhm hais, nó cosúil leis sin. Tá códú comhbhrúite agus feidhm chomhdhlúite i measc na samplaí sin. |
| | 2. Bíonn inríofacht ag brath ar riachtanais agus ar thimpeallacht an úsáideora, ó thaobh na slándála de. |
| Cód hais | An teaghrán giotán a bhíonn mar aschur ag feidhm hais. |
| Ordlathas | Féach Ordlathas BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| ISO | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| ITSEC | Critéir um Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise. |
| Eochair a bhunú | Próiseas ina gcuirtear eochar rúnda i gcoitinne ar fáil d'aoná(i)n. Cuimsíonn bunú eochrach comhaontú eochrach agus iompar eochrach. |
| Feidhm ginte eochrach | Feidhm a ghlacann isteach mar ionchur scata paraiméadar, ceann amháin ar a laghad ina rún agus a chuireann amach mar aschur eochracha oiriúnacha don algartam agus don fheidhmchlár dá gceaptar iad. Ní bheifear in ann a dhéanamh amach ón bhfeidhm sin cén t-aschur a thiocfaidh as gan eolas ar an inchur rúnda. |
| Ginteoir Eochracha | Fearas cripteagrafaíochta a úsáidtear chun eochracha cripteagrafacha a ghiniúint agus veicteoirí túsúcháin, más gá. |
| Bainistíocht Eochracha | Gach gné riaracháin agus úsáide maidir le gineadh, le clárú, le díchlárú, le dáileadh, le suiteáil, le storáil, le cartlannú, le cealú deimhnithe, le bunús ábhar eochracha faoi réir ag polasaí slándála. |
| Péire Eochracha | Péire eochracha criptiúcháin ag freagairt dá chéile arna nginiúint ag ÚD agus arna bhformáidiú mar eochair phríobháideach agus eochair phoiblí. Déantar an eochair phoiblí a dháile laistigh de dheimhniú arna eisiúint ag an ÚD. |
| Comhartha Eochrach | Teachtaireacht bhainistithe eochrach a chuireann aonán go dtí aonán eile agus meicníocht bhainistithe eochrach á cur i bhfeidhm. |

| | |
|---|---|
| Iompar Eochrach | Próiseas aistrithe eochrach ó aonán go chéile, le cosaint oiriúnach. |
| Eochair | (i) Seicheamh siombal a rialaíonn oibriú claochlaithe chripteagrafaigh (mar shampla, criptiú, díchriptiú, áireamh seiceála cripteagrafaí, giniúint nó fíoradh sínithe). (ii) Seicheamh siombal a rialaíonn oibriú claochlaithe chripteagrafaigh (mar shampla, criptiú, díchriptiú). |
| Teachtaireacht | (i) Teaghrán teoranta giotán. (ii) Teaghrán neamhtheoranta giotán. (iii) Teaghrán teoranta nó neamhtheoranta giotán nó teaghrán folamh. |
| Cód fíordheimhnithe Teachtaireachta (MAC) | (i) Cód i dteachtaireacht idir té a seolta agus té a glactha a bhíonn in úsáid chun a foinse agus an teachtaireacht nó cuid den teachtaireacht a fhíordheimhniú. Toradh ar áireamh aontaithe a bhíonn sa chód sin. (ii) Sonra as teachtaireacht le teicnící siméadracha cripteagrafacha agus eochair rúnda. Úsáideann aonán arb eol dó an eochair rúnda é chun sláine agus foinse na teachtaireachta a fhíordheimhniú. |
| Malartú Neamhshéantachta | Seicheamh aistrithe píosa amháin faisnéise neamhshéantachta (NRI) nó níos mó chun críocha neamhshéantachta. |

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Faisnéis neamhshéantachta | Tacar faisnéise is féidir a bhaint bainteach le teagmhas nó le gníomh a bhfuil fianaise le gineadh agus le bailíochtú ina leith, an fhianaise féin agus an polasaí neamhshéantachta atá i bhfeidhm. |
| Polasaí neamhshéantachta | Tacar critéar maidir le seirbhísí neamhshéantacha a sholáthar. Go sonrach, tacar rialacha le cur i bhfeidhm maidir le fianaise a ghiniúint agus breithiúnas a dhéanamh. |
| OECD | An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíochta. |
| AO | Aitheantóir Oibiachta |
| ÚCP | An tÚdarás Um Cheadú Polasaíestablished ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá freagrach as na polasaithe a rialaíonn bainistíocht agus oibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Pasphrása | Féach Cód Pearsanta Aitheantais. |
| Cód Pearsanta Aitheantais | Meciníocht Rialaithe Rochtana a úsáidtear le linn eochair a aistriú, chun Eochracha Príobháideacha a thabhairt isteach i gCríoch-fheidhmchlár Aonáin. In ÚD ROS tagraíonn an téarma “Pasphrása” don mheicníocht the rialaithe rochtana lena ndéantar eochracha príobháideacha arna |

| | |
|---|---|
| | stóráil<br><br>go háitiúil i dtimpeallacht ríomhaireachta an Chríoch-Aonáin a chosaint. |
| Slándáil Pearsanra | Na bearta cosanta a úsáidtear chun féachaint chuige gur daoine oiriúnacha amháin a fhaigheann cead Rochtana, a fhanann ina ndaoine oiriúnacha<br>maidir le Rochtain agus go gcuirtear ar an eolas iad maidir lena bhfreagrachtaí slándála. |
| Slándáil Fhisiciúil | (i) Cuid sin na slándála cosanta a bhaineann le bearta fisiciúla dírithe ar Rochtain neamhúdaraithe acmhainní a chosc agus iad a dhíonadh in aghaidh spiaireachta, damáiste d'aon ghnó, athraithe agus gadaíochta (mar shampla, glais, aláraim, taisceadáin agus mar sin de).<br><br>(ii) Na bearta a úsáidtear chun cosaint fhisiciúil a sholáthar do na hacmhainní in aghaidh a gcur i mbaol d'aon ghnó nó de thaisme. |
| PIC | Féach Cód Pearsanta Aitheantais. |
| CDEP | Creat Fíordheimhniúcháin Eochracha Poiblí – creat a cheadaíonn, ach cloí leis,<br>córas iontaofa Eochracha Poiblí a bhunú. Leis an gcóras sin, beidh aonán ar bith in ann síniú digiteach a deirtear a bhaineann le haonán eile a mheas ó thaobh na hiontaofachta agus na bailíochta de. |
| BEP | Bonneagar Eochracha Poiblí. |
| Aonán BEP | Compháirt de mhodúl córais nó ról insuite laistigh den BEP a bhfuil gaol cripteagrafach aige leis an ÚD. Aonáin BEP le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim is ea an tÚC, an RAO agus an CAO, mar shampla. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Príobháideachas | Ceart an duine an saghas eolais mar gheall orthu féin is féidir a bhailiú agus a stóráil a rialú nó tionchar a imirt air agus cé dó gur féidir an t-eolas sin a nochtadh. NÓTA –Toisc go dtagraíonn an téarma le cearta daoine aonair, ní féidir leis a bheith cruinn beacht agus ba cheart a úsáid a sheachaint ach mar chúis chun tuilleadh slándála a éileamh. |
| Eochair Phríobháideach | An chuid sin de phéire eochracha a choinníonn aonán loighciúil nó dlíthiúil i gcórasbailíochtaithe, faoi chosaint ag pasfhocal agus nach ndéantar a nochtadh do dhuine ar bith eile. |

| | |
|---|---|
| Eochair phríobháideach síniúcháin | Eochair Phríobháideach lena sainmhínítear an trasfhoirmiú don síniú príobháidech. NÓTA – Uaireanta tagraítear di seo mar eochair rúnda síniúcháin. |
| Slándáil Chosantach | Coincheap iomlán na slándála, a chuimsíonn idir riarachán, phearsanra, fhisiciúil, theicniúil, ríomhaireacht agus chumarsáid. |
| Eochair Phoiblí | (i) An chuid phoiblí, eochair nó comhstruchtúr matamaitice de phéire eochracha in úsáid in éineacht mar bhonn le Teicneolaíochtaí Eochracha Poiblí (féach Eochair Phríobháideach). An ceann sin den phéire eochracha neamhshiméadracha aonáin is féidir a dhéanamh Poiblí. Maidir le córas neamhshiméadrach siniúcháin, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí agus na halgartaim a bhaineann léi an trasfhoirmiú bailíochtaithe. [ISO/IEC 13888] ii) (I gcóras cripteagrafach Eochracha Poiblí ) an eochair sin de phéire eochracha úsáideora a bhíonn ar eolas go Poiblí. [ISO/IEC 9594-8:1990] [CCITT X.509: 1988] (iii) An eochair sin de phéire péire eochracha neamhshiméadracha aonáin is féidir a dhéanamh Poiblí. [ISO/IEC 9798-1 (Eagrán a Dó): 1997] [ISO/IEC 11770-1: 1997] [2nd DIS ISO/IEC 11770-3 (08/1997)]. Tá an nóta seo a leanas in ISO/IEC 9798-1 agus in ISO/IEC 11770-3: NÓTA - Maidir le córas neamhshiméadrach siniúcháin, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú bailíochtaithe. Maidir le córas neamhshiméadrach criptithe, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú criptithe. Ní hionann eochair a bheith ‘Ar Eolas Go Poiblí’ agus í a bheith ar fáil i gcoitinne. Is féidir nach mbeadh fáil uirthi ach ag baill grúpa réamhshonraithe. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Feidhm um dhíorthú Eochracha Poiblí | Feidhm Phoiblí a mhapálann teaghráin giotán do shlánuimhreacha dearfa, a úsáidtear chun eolas aitheantais aonáin a aistriú ina eochair bailíochtaithe agus a shásaíonn na coinníollacha seo a leanas: - Ní féidir trí áireamh aon dá inchur ar leith a aimsiú a mhapálann don aschur céanna. – Níl ann ach an dóchúlacht is lú go mbeadh luach Y arna roghnú go randamach laistigh de raon na feidhme, nó ní féidir trí áireamh inchur a aimsiú a mhapálann don aschur áirithe sin. NÓTA – Bíonn laghad na dóchúlachta agus neamhfhéadarthacht trí áireamh ag brath ar riachtanais agus ar thimpeallacht an úsáideora áirithe. |

| | |
|---|---|
| Faisnéis um Eochair Phoiblí | (i) Faisnéis faoi aonán áirithe, a chuimsíonn aitheantóir sainiúil an aonáin, ar a laghad, agus Eochair Phoiblí amháin ar a laghad, i gcomhair an aonáin sin. Is féidir faisnéis eile maidir leis an údarás clárúcháin, leis an agus leis an aonán agus leis an Eochair Phoiblí a chur isteach san fhaisnéis um Eochair Phoiblí, mar shampla, tréimhse bailíochta na hEochrach Poiblí, tréimhse bailíochta na hEochrach Príobháidí a ghabhann léi, nó aitheantóirí na n-algartam ábhartha. (ii) Faisnéis a chuimsíonn aitheantóir ar leith an aonáin, ar a laghad, mar aon leis an Eochair Phoiblí. Ní féidir ach sonraí a bhaineann le haonán amháin a chur isteach san fhaisnéis, agus Eochair Phoiblí amháin don aonán sin. Is féidir faisnéis sheasta eile a chur isteach san fhaisnéis um Eochair Phoiblí, mar shampla maidir leis an údarás clárúcháin, leis an aonán nó leis na halgartaim ábhartha. |
| Eochair Fíorúcháin Phoiblí | Eochair Phoiblí faoina sainmhínítear an trasfhoirmiú don fhíorú Poiblí. |
| ÚC | Údarás Clárúcháin. |
| URR | Uimhir Rochtana ROS. Uimhir uathúil arna sannadh do gach Duine Formheasta nó Duine Údaraithe de chuid ÚD ROS mar chuid den phróiseas clárúcháin. Bíonn an URR mar chuid den Ainm Ar Leith ar an Deimhniú a bhaineann leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe agus ní féidir athúsáid a bhaint astu. |
| RCA | Údarás Deimhniúcháin Fréamhacha. Laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, ciallaíonn sé sin ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Clárú | An próiseas faoina ndéantar faisnéis a thaifeadadh agus a bhailíochtú i dtaobh Aonán, Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe, mar a leagtar síos sa Pholasaí faoina n-eiseofar na deimhnithe. |
| Údarás Clárúcháin | Údarás Clárúcháin - Aonán a dhearbhaíonn aitheantas úsáideoirí agus a chláraíonn a riachtanais leis an Údarás Deimhniúcháin. |
| Páirtí ag Brath | An Duine Formheasta nó Duine Údaraithe a bhíonn ag brath ar Eochracha Poiblí agus ar Dheimhnithe a bhaineann le hEochracha Poiblí daoine eile chun teachtaireachtaí a dhíchriptiú agus/nó a fhíorú, agus an dála céanna maidir le bearta nó le comhaid leictreonacha. I dtimpeallacht ÚD ROS, is é feidhmchlár ROS an Páirtí ag Brath. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Séanadh | Séanadh ag ceann de na haonáin i mbun cumarsáide ar a bheith rannpháirteach i gcuid (ar bith) den chumarsáid. |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | Sa doiciméad seo, ciallaíonn an téarma sin Oifig Coimisinéirí Ioncaim Phoblacht na hÉireann. |
| ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim | Údarás Deimhniúcháin Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.<br>Is é ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim buaicphoine na hiontaoibhe laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |

| | |
|---|---|
| Bogearraí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim | Bogearraí in úsáid i gcomhair oibríochtaí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, Údarás Deimhniúcháin Keon de chuid RSA Security (KCA) san áireamh |
| Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim | Soláthraíonn Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim tacaíocht, idir theicniúil, chripteagrafach agus nós imeachta maidir le comhadú tuairisceán cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim |
| BEP na gCoimisinéirí Ioncaim | An Bonneagar Eochracha Poiblí a bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim. |
| Root ÚD | Refer to RÚD. |
| ROS | Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| ÚD ROS | An tÚdarás Deimhniúcháin a thacaíonn le feidhmchlár ROS. Tá ÚD ROS mar fho-ÚD de chuid ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| RSA | Modh fíordhaingean cripteagrafaíochta a chruthaigh Ronald L. Rivest, Adi Shamir, agus Leonard M. Adleman. Úsáideann RSA eochair dhéchodach. Coinníonn an t-úinéir an eochair phríobháideach; foilsítear an eochair phoiblí. Tá eochair phríobháideach an fhaighteora riachtanach chun sonraí a dhíchriptiú a criptíodh leis an eochair phoiblí, agus vice-versa. |
| Eochair síniúcháin | Sonra rúnda a bhaineann le sainiúil le haonán agus nach féidir a úsáid ach ag an aonán sin sa phróiseas síniúcháin. |
| ARS | Athbhreithniú um Rioscaí Slándála |
| Fo-ÚD | Ciallaíonn fo-ÚD údarás clárúcháin ag feidhmiú faoi thacar eochracha cripteagrafacha agus na deimhnithe a bhaineann leo, arna n-eisiúint ag ÚD Fréamhacha. Fo-ÚD de chuid ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim is ea ÚD ROS laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Teicníc shiméadrach chripteagrafach | Teicníc chripteagrafach ina n-úsáidtear trasfhoirmiú an díorthóra agus trasfhoirmiú an fhaighteora araon. Gan eolas ar an eochair rúnda, ní féidir teacht ar thrasfhoirmiú an díorthóra ná ar thrasfhoirmiú an fhaighteora trí áireamh. |
| Sláine córais | Córas a bheith i gcumas an fheidhm dár cruthaíodh é a chur i gcrích gan bac agus slán ó chur isteach d’aon ghnó nó de thaisme |
| TIO | Timpeallacht Iontaofa Oibríochta. I gcás BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, cuimsíonn an téarma sin compháirteanna bogearraí agus crua-earraí BEP. Bogearraí Keon agus na MSCanna. |

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Comhartha | Teachtaireacht ina bhfuil réimsí sonraí a bhaineann le gníomh cumarsáide áirithe agus ina bhfuil faisnéise arna trasfhoirmiú le teicníc chripteagrafach. |
| Úsáideoir | Aonán ar bith (duine nó meáisín) taobh amuigh den TIO a bhíonn i mbun cumarsáide leis an TIO. |
| Bailíochtú | An próiseas trína ndéantar sláine teachtaireachta a dhearbhú, nó sláine coda den teachtaireacht. |
| Faisnéis fíorúcháin fíordheimhniúcháin (fíordheimhniú AI) | Faisnéis a úsáideann fíordheimhnitheoir chun aitheantas éilithe a fhíordheimhniú trí mhalartú AI. |
| Eochair fíorúcháin | (i) Luach a theastaíonn chun luach seiceála cripteagrafach a fhíordheimhniú. (ii) Sonra a bhfuil gaol matamaitice aige le heochair síniúcháin aonáin agus a bhíonn in úsáid ag an bhfíordheimhnitheoir sa phróiseas fíordheimhnithe. |
| Próiseas fíorúcháin | Próiseas ina nglactar mar inchur isteach an teachtaireacht shínithe, an eochair fíorúcháin agus na paraiméadair fearainn, agus ina gcuirtear amach mar aschur toradh fíoraithe an tsínithe: bailí nó neamhbhailí. |
| Breathnú | Próiseas ina bhfaightear faisnéis chun oiriúnacht duine a mheas maidir le Rochtain a dheonú dó/di ar ábhar rangaithe/íogar nó ar cheantar sainiúil daingean. |

NÓTA: Glacadh cuid de na sainmhínithe thuas isteach as Caighdeáin de chuid ISO.

# 6 Súiomh Idirlín maidir le Cáipéisí um Polasaí Deimhniúcháin agus Cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá ceanglas ann maidir leis an doiciméad seo agus doiciméid eile a bhaineall le polasaí agus le cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil tríd an Idirlíon. Déanfar na doiciméid a fhoilsiú trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim – www.revenue.ie.

Sa chuid eile den doiciméad seo déanfar tagairt don stór in gcoinnítear na doiciméid sin mar Stór Pholasaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim**.**

# 7 Cúlra ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim/ÚD ROS

Oibreofar ÚD ROS chun críocha Deimhnithe a eisiúint do chustaiméirí

. ar eisíodh Uimhir Rochtana ROS (URR), (Daoine Formheasta) dóibh, nó
. ar iarr Duine Formheasta, (Daoine Údaraithe) Deimhniú dóibh. Ní bheidh rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar eochair phríobháideach a bhaineann le custaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ceaptar Deimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS chun tuairisceán Cánach a tharchur (mar shampla, CBL3 agus CBL RTD) agus tuairisceáin ábhartha eile chun na gCoimisinéirí Ioncaim ó chustaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá tacaíocht ann, chomh maith, maidir le húsáid Deimhnithe ag custaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun tuairisceáin a cuireadh isteach cheana a léamh. Nótáil nach bhfuil ceangal ar bith ar chustaiméirí Choimisinéirí Ioncaim tuairisceáin cánach a chur isteach go leictreonach chun gur féidir leo na tuairisceáin a chuir siad isteach roimhe sin a léamh.

Baineann cóipcheart le Deimhnithe arna n-eisiúint ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, agus ní féidir iad a úsáid chun críocha ar bith eile seachas chun faisnéis custaiméirí a sholáthar mar oibleagáid i leith na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcás go mbaintear úsáid ar bith eile astu, féadann na Coimisinéirí Ioncaim na Teastais a chealú gan dul i gcomhairle leis an gcustaiméir sin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ní hionann Deimhniú a úsáid chun tuairisceán cánach a tharchur agus tuairisceán cánach a shíniú ná dearbhú ar bith a dhéanamh maidir le tuairisceán cánach ar bith a chur isteach.

# 8 Nós Imeachta um a Leasú

## 3.2 Údarás um Cheadú Polasaí (ÚCP)

De réir mar a thiocfaidh caighdeáin nua chun cinn, nó mar a haithnítear cúrsaí eile polasaí a bhfuil gá lena leasú, leasófar an RPD seo agus na hAguisí a bhaineann leis.

Tá cur síos ar fhreagrachtaí ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim le fáil in Aguisín B an RPD seo.

Cuirtear doiciméad ina bhfuil cur síos ar fheidhmeanna ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim (Bunreacht ÚCP) ar fáil do gach páirtí a bhíonn freagrach as an RPD seo a chruthú nó a leasú. Cuirtear an doiciméad seo ar fáil do dhuine formheasta ar bith a bhíonn i mbun iniúchta slándála.

## 3.3 Athruithe

I gcás go gceadaítear athrú ar na Coinníollacha Úsáide nó ar an bpolasaí in Aguisín B, déanfaidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. 1. An RPD seo, mar aon leis na Coinníollacha Úsáide agus an RCD a bhaineann leis, a fhoilsiú ar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín C).
2. 2. Faisnéis maidir leis an athrú agus le dáta a theacht in éifeacht a fhoilsiú mar eolas do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe a bhfuil Deimhnithe ina seilbh.
3. 3. Deimhnithe a chealú, i gcás go gcuireann Duine Formheasta nó Duine Údaraithe in iúl nach mbíonn leo déanamh de réir na socruithe nua. I gcás gur gá doicimhéad a atheisiúint, úsáidtear an próiseas athraithe céanna is a bhí in úsáid in am a eisithe i dtosach ama, mar a mhínítear thuas. Nótáil go mbeidh uimhir nua ag baint leis an leagan nua den AO nua i ndiaidh a eisithe.

Seo é an coinbhin a bhaineann le fógraí leasaithe:

BBBB ag seasamh do bhliain eisithe an leasaithe

XXX i gcás gur uimhir i seicheamh dár thús 000 an XXX sin.

# Aguisín A – Coinníollacha Úsáide

Deimhnithe Leictreonacha arna n-eisiúint ag ÚD ROS
1. Cuspóir
1.1 Cuireann Aonán in iúl gur mian leis úsáid a bhaint as córas r-thráchtála Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim. Iarrann
na Coimisinéirí Ioncaim ar Údarás Deimhniúcháin Sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD ROS) Deimhnithe Poiblí agus Príobháideacha (Deimhnithe) a eisiúint don té le húdarás doiciméid a tharchur go leictronach agus/nó tuairisceáin cánach a léamh ar son an Aonáin (an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe). Cé go mbíonn an Eochair Phoiblí leagtha amach san Deimhnithe, ní dhéantar an Eochair Phríobháideach a nochtadh do dhuine ar bith, seachas an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe lena mbaineann.

1.2 Eisítear Deimhnithe don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe de réir na gCoinníollacha Úsáide seo. Aontaíonn an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe déanamh de réir na gCoinníollacha ar gach ócáid ar a n-úsáidtear na Deimhnithe. Ba cheart na Coinníollacha seo a léamh in éineacht leis an gcuid eile de Ráiteas Polasí Deimhniúcháin ÚD ROS (**RPD)** atá le fáil ar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2. Úsáid na nDeimhnithe

2.1 Is iad na Coimisinéirí Ioncaim amháin atá i dteideal a bheith ag brach ar shíniú digiteach arna gcruthú ag na Deimhnithe, muna mbíonn Eochracha Poiblí agus sonraí na nDeimhnithe foilsithe in eolaire Deimhnithe bailí ar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.
2.2 Ní foláir gach faisnéis arna tarchur go leictreonch tríd an Idirlín a shíniú agus a chriptiú leis na Deimhnithe. Tá cur síos ar ábhar eile is féidir a shíniú leis na Deimhnithe le fáil ar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim na Coimisinéirí Ioncaim.

### 3. Na daoine lena mbaineann na Coinníollacha Úsáide seo

3.1. Baineann na Coinníollacha Úsáide seo leis an gcaidreamh idir an Duine Formheasta nó nó an Duine Údaraithe agus na Coimisinéirí Ioncaim.

## 4. Na Coinníollacha a bhaineann le húsáid na nDeimhnithe

4.1 Aontaíonn an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe:

**Úsáid na nDeimhnithe**

(a) gur cuireadh faisnéis fhíor, iomlán, chruinn ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim in iarratas ar URR agus ar Dheimhnite. Téann an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe i mbannaí ÚD ROS a chur ar an eolas go pras maidir le hathrú ar bith ar chuid ar bith den fhaisnéis sin nó má caitear amhras ar Eochair Phríobháideach;
(b) go mbíonn údarás iomlán ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe na Deimhnithe a úsáid ar son an Aonáin agus go n-iarrfaidh an tAonán ar ÚD ROS na Deimhnithe a chealú ar an toirt, i gcás go dtagann deireadh leis an socrú sin;
(d) nach féidir leis an Duine Formheasta ná leis an Duine Údaraithe an Eochracha Príobháideacha a bhíonn mar chuid de na Deimhnithe sin a nochtadh do dhuine ar bith eile;

(e) fanfaidh cearta maidir sealúchas intleachtúil Deimhnithe i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim go brách, ach amháin de réir an ailt seo. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim sealúchas intleachtúil maidir le hEochracha Príobháideacha arna sannadh acu do Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe, cóipcheart san áireamh, ach ní mar sin i gcás na nEochracha Poiblí. Tá ceart ag na Coimisinéirí Ioncaim an t-ainm ar leith a bhaineann leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe in éineacht leis na Deimhnithe;
(f) slánaíocht a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cailliúint ar bith de bharr go dteipeann ar Dhuine Formheasta nó ar Dhuine Údaraithe sábháilteacht agus sláine na hEochrach Príobháidí nó úsáid na nDeimhnithe a chinntiú;
(g) i gcás go dteipeann ar an Duine Formheasta nó ar an Duine Údaraithe sábháilteacht agus sláine na hEochrach Príobháidí a chinntiú, nó i gcás cúinsí eile a thugann ann do chealú úsáid Deimhnithe ag ÚD ROS, go gcaithfidh an Duine Formheasta iarratas a chur isteach ar Uimhir Rochtana ROS (URR) as a nua ó na Coimisinéirí Ioncaim. I gcás na teipe sin, is féidir go dtarraingeofaí siar cead an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe ROS a rochtain.

**Ról ÚD ROS**
(h) ó thaobh ÚD ROS de:
(i) déanfaidh ÚD ROS maoirseacht ar úsáid na nDeimhnithe a eisítear trí ÚD ROS, rud a chuimsíonn polasaithe a bhaineann le sláine an bhonneagair a chur chun cinn, mar a leagtar amach san **RPD**;
(ii) coinneoidh ÚD ROS an ceart athrú a dhéanamh ó uair go chéile ar na Coinníollacha Úsáide seo agus ar na théarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an **RPD** le fógra don Aonán; agus
(iii) féadfaidh ÚD ROS úsáid na nDeimhnithe a chealú má mheasann sé gur caitheadh amhras ar Eochair Phríobháideach, gur baineadh mí-úsáid as na Deimhnithe, gur sáraíodh na Coinníollacha Úsáide, nó go mbíonn ceangal air a dhéanamh faoin **RPD**.

## 5. Dliteanas
5.1. Aontaíonn na páirtithe:
(a) gur faoin reachtaíocht ábhartha aitheanta in Éirinn a dhéanfar cinneadh maidir le dliteanas páirtí ar bith as a Coinníollacha Úsáide nó as cúis dlí coitinne nó reachtaíochta eile a shárú, ag eascair as úsáid na nDeimhnithe nó as oibríocht ÚD ROS, is é sin le rá, de réir mar a chuirfí i bhfeidhm i gcúirteanna na hÉireann;
(b) gur ar an Duine Formheasta nó ar an Duine Údaraithe a luífidh an dliteanas maidir le cailliúint ar bith ag eascair as na Deimhnithe a úsáid chun críocha ar bith eile seachas i mbun cumarsáide leis na Coimisinéirí Ioncaim;
(c) nach bhfuil dliteanas ar an Duine Formheasta ná ar an Duine Údaraithe i leith na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis na Deimhnithe a úsáid tar éis fógra a fháil ó ÚD ROS gur cealaíodh na hEochracha nó na Deimhnithe. Tuigeann an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe gur féidir an fógra sin a chur go leictreonach go dtí an seoladh ar an iarratas URR nó go dtí an seoladh ar an iarratas a chuir an Duine Formheasta isteach chun Deimhniú a fháil don Duine Údaraithe;
(d) nach dtugann duine ar bith a fhéadfaidh a bheith páirteach in eisiúint ná i mbainistiú na nDeimhnithe bannaí ar bith intuigthe ná sainráite ina leith agus go ndéantar gach bannaí reachtúil a chur as an áireamh go dtí an pointe is faide a cheadaítear faoin dlí;
(e) nach bhfuil dliteanas ar na Coimisinéirí Ioncaim i leith an Duine Fhormheasta ná an Duine Údaraithe ná do Tríú páirtí ar bith as dochar a dhéantar go speisialta, go hiarmhartach, de thaisme ná go hindíreach, cailliúint brabúis agus damáiste do shonraí san áireamh,

Eochracha, Deimhnithe nó seirbhísí arna soláthar ag ROS a úsáid, cuma ar cuireadh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas gurbh fhéidir dochar a theacht as a leithéidí, nó nár cuireadh;
(f) i gcás go sáraíonn an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe na Coinníollacha Úsáide seo is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim dul chun dlí i gcoinne an duine sin, i gcosaint a leasa féin;
and
(g) go dtuigeann an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe nach mbíonn dliteanas ar bith air/uirthi i gcás go gcaitear amhras ar na hEochracha nó ar ar na Deimhnithe de bharr gnímh chalaoisigh nó faillí ar thaobh na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 6. Réiteach Díospóidi

6.1 Faoi réir ag forálacha Chaibidil 6 Alt 38 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus gan dochar dá fhorálacha, leagtar síos san **RPD** modh réitithe díospóidí idir na páirtithe dá ndéantar tagairt sna Coinníollacha Úsáide seo agus glacann na páirtíthe leis na ceanglais sin, chomh fada is a bhaineann an díospóid le húsáid na nDeimhnithe.

## 7. Léirmhíniú

7.1 Tá na Coinníollacha seo faoi rialú ag dlíthe i bhfórsa ó am go chéile i bPoblacht na hÉireann agus tuiscint le baint astu ar an mbonn sin.
7.2 Maidir le téarmaí le ceannlitir ina dtús, ach amháin i dtosach abairte, is iad na bríonna a thugtar sa Ghluais leis an **RPD** a bhaineann leo.

Tá Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le fáil ar Shúiomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie.

# Aguisín B – Polasaithe maidir le Deimhnithe eisithe chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe (Polasaithe ÚD ROS)

# 1 Réamhrá

## 1.1 Léirbhreithniú

### 1.1.2 Réamhrá

Údarás Deimhniúcháin féinsínithe is ea ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, a chuireadh ar bun go príomha chun an cumarsáid leictreonach dhaingean a éascú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus na custaiméirí a chláraigh chun Uimhir Rochtana Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (URR) a fháil agus a fuair ceann, nó ar chuir Duine Formheasta iarratas ar dheimhniú isteach thar a gceann.

Úsáideann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim Eochracha 2048 giotán chun Deimhniú ÚD ROS a shíniú agus eisíonn ÚD ROS Eochracha 1024 giotán d'aonáin faoin RPD seo. Is féidir Deimhnithe a eisiúint faoin RPD seo d'Aonáin, más Aonán é:

.(a) a bhfuil duine ainmnithe aige (an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe) chun Deimhnithe a úsáid le doiciméid a shíniú ar son an Aonáin sin; agus
.(b) ar aontaigh an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe sin déanamh de réir an RPD seo, na Coinníollacha Úsáide in Aguisín A san áireamh, agus de réir na bpolasaithe seo de chuid ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS.

Is féidir le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim deimhnithe a eisiúint chuig oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a mbíonn ceangal orthu cumarsáid a choinneáil ar siúl le Daoine Formheasta nó le Daoine Údaraithe agus feidhmeanna eile a chur i gcrích ar son na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cuimsíonn an bonneagar atá mar thaca leis an RPD seo ÚD ROS agus saoráidí gaolmhara. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim eidhmeanna Údarás Clárúcháin (ÚC) i gcrích, atá bunaithe ar na gnáthriachtanais a theastaíonn chun aitheantas chustaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú.

Bíonn péire eochracha de chineál áirithe ag Deimhnithe a sholáthraíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, a bhíonn in úsáid ag Custaiméir chun críocha a bhaineann le Fíordheimhniú agus le Sláine Sonraí araon.

Bíonn Eochair Phríobháideach agus Eochair Phoiblí i bpéire eochracha.

Chun críocha a bhaineann le Fíordheimhniú, úsáidtear an Eochair Phríobháideach chun teachtaireacht dúshláine a shíniú go digiteach agus úsáideann an faighteoir an Eochair Phoiblí (feidhmchlár ROS) chun an síniú digiteach a cuireadh leis a fhíorú.

Chun críocha a bhaineann le Sláine Sonraí, úsáidtear an Eochair Phríobháideach chun teachtaireacht dúshláine a shíniú go digiteach agus úsáideann an faighteoir an Eochair Phoiblí (feidhmchlár ROS) chun an síniú digiteach a cuireadh leis a fhíorú.

## 1.1.3 Caighdeáin

Tá an RPD bunaithe, den chuid is mó, ar an gCreat um Polasaí agus Cleachtais Deimhniúcháin maidir le Bonneagar Eochracha X.509 Idirlín-RFC 3647; féach Aguisín C maidir le sonraí a shuímh idirlín.

I gcás nach soláthraítear sa doiciméad sin dóthain mionsonraí, beidh an RPD seo éagsúil leis go dtí pointe is gá de ghrá na soiléireachta. Tá cur síos ar na riachtanais a bhaineann le hoibleagáidí Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe sna Coinníollacha Úsáide in Aguisín A

## 1.1.4 Sainmhínithe

Tá na sainmhínithe a úsáidtear sa doiciméad seo le fáil in Aguisín D -Gluais. Úsáideadh mar bhonn leis na sainmhínithe sin:

1. 1. Gluais um Shlándáil Teicneolaíochta TF ISO.
2. 2. Gluais Téarmaí.

## 1.1.5 Ordlathas Aitheantóirí Oibiachtaí X.500

Ó ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a eascraíonn an t-údarás do gach oibiacht aitheanta.

Sannaítear Aiteantóirí Oibiachtaí X.500 (AO) do ghnéithe sonraithe faoin RPD seo.

## 1.1.6. Bunú Bhuaicphointe Iontaoibhe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

Úsáidfidh na Coimisinéirí Ioncaim hais an deimhnithe a bhaineann le hÚD na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhmchlár ROS (an Páirtí ag Brath i gcomhair ÚD ROS) chun meicníocht a sholáthar trínar féidir bailíocht sínithe digiteacha ó chustaiméir a sheiceáil le feidhmchlár ROS.

In úsáid oibríochtúil, úsáidfidh aonáin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim hais ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith, chun deimhnithe a thiocfaidh ó BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailíochtú.

# 1.2 Aitheantas

## 1. 1.2.1 AO ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Is é seo AO ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim:

| |
|---|
| 1.2.372.980003.1.3.1 |

## 2. 1.2.2 ÚD ROS AO

Is é seo AO ÚD ROS:

| |
|---|
| 1.2.372.980003.1.3.2 |

## 3. 1.2.3 AO an RPD seo

Is é seo AO an RPD seo:

| |
|---|
| 1.2.372.980003.1.1.1.1.1 |

# 1.3 Infheidhmitheacht

Is é seo réimse infheidhmithe an RPD seo:

1. 1. ÚD ROS.
2. 2. Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe.
3. 3. Údaráis Polasaí

Tá mionsonraí le fáil in Alt 1.3.0 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 1.3.1 Údaráis Deimhniúcháin

### 1.3.1.1 Údarás Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim)

#### 1.3.1.1.1 Feidhmeanna ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá mionsonraí le fáil in Alt 1.3.1.1.1 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na

gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

**1.3.1.1.2 ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim Sonraí Teagmhála**

Tá mionsonraí le fáil in Alt 1.3.1.1.2 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

1. **1.3.1.1.3 Deimhniú Fréimhe ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim:**
2. **1.3.1.1.4 Deimhnithe eisithe ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim chuig ÚD ROS**

Deimhniú fréimhe féinsínithe a bheidh in ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.
Beidh na nithe seo a leanas i ndeimhniú ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim:

| Réimse | Luach |
|---|---|
| Leagan | "2" (a sheasann do L3 X.509) |
| Sraithuimhir | Slánuimhir ag feidhmiú mar aitheantóir uathúil, arna chruthú ag an ÚD |
| Algartam Síniúcháin | MD5,RSA, le halgartam md5WithRSAEncryption |
| Eisitheoir | C=IE, O=Na Coimisinéirí Ioncaim, OU=Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim,<br>CN=ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Bailíocht (Ó) | Deimhniú bailí ó dháta. (*dáta eisiúna*) |
| Bailíocht (Go) | Deimhniú bailí go dtí dáta. (*Uaslíon 10 bliain*) |
| Aonán | Ainm ar Leith an ÚD: C=IE, O=Na Coimisinéirí Ioncaim, OU=Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim,<br>CN=ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Faisnéis Eochair Phoiblí an Aonáin | Criptiú RSA le SHA-1<br>Méid eochrach 2048 |
| Aitheantóir Eochair an Údaráis (AEÚ) | Hais MD5 d'eochair phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Aitheantóir Eochair an Aonáin (AEA) | Hais MD5 d'eochair phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Srianta bunaidh | 1 |
| Úsáid Eochracha | **Key Cert Sign**,<br>Síniú Digiteach;<br>Síniú LDC |



| Réimse | Luach |
|---|---|
| Polasaithe Deimhniúcháin | Polasaí Deimhniúcháin AO 1.2.372.980003.1.1.1.1.1 |

Beidh na nithe seo a leanas sa deimhniú a eiseoidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim chuig ÚD ROS:

| Réimse | Luach |
|---|---|
| Leagan | “2” (a sheasann do L3 X.509) |
| Sraithuimhir | Slánuimhir ag feidhmiú mar aitheantóir uathúil, arna chruthú ag ÚD ROS |
| Algartam Síniúcháin | MD5,RSA, le halgartam md5WithRSAEncryption |
| Eisitheoir | C=IE, O=Na Coimisinéirí Ioncaim, OU=Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim,<br>CN=ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Bailíocht (Ó) | Deimhniú bailí ó dháta. (*dáta eisiúna*) |
| Bailíocht (Go) | Deimhniú bailí go dtí dáta. (*Uaslíon 10 bliain*) |
| Aonán | Ainm ar Leith an ÚD: c=IE, O=Na Coimisinéirí Ioncaim Commissioners, ou=Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim,<br>cn=ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Faisnéis Eochair Phoiblí an Aonáin | Criptiú RSA le SHA-1<br>Méid eochrach 2048 |
| 1.3.1.1.4.1 Aitheantóir Eochair an Údaráis (AEÚ) | Hais MD5 d’eochair phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Aitheantóir Eochair an Aonáin (AEA) | Hais MD5 de dheimhniú ÚD ROS. |
| Basic constraints | 0 |
| Úsáid Eochracha | **Key Cert Sign,**<br>Síniú Digiteach;<br>Síniú LDC |
| Polasaithe Deimhniúcháin | Polasaí Deimhniucháin AO: 1.2.372.980003.1.1.1.1.1 URL an RPD**:** www.revenue.ie<br><br>Cáilitheoir Polasaí sna deimhnithe: Deimhnithe cáilithe is ea na deimhnithe a éisítear faoin RPD seo faoin Acht um thráchtáil Leictreonach, 2000 maidir lena n-úsáid ag Daoine Formheasta agus ag Daoine Údaraithe agus iad i mbun cumarsáide leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus chuige sin amháin. |

## 1.3.1.2 ÚD ROS

### 1.3.1.2.1 Feidhmeanna ÚD ROS

Tá mionsonraí le fáil in Alt 1.3.1.2.1 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 1.3.1.2.2 ÚD ROS Sonraí Teagmhála

Tá mionsonraí le fáil in Alt 1.3.1.2.2 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

**1.3.1.2.3 Deimhnithe ÚD ROS arna n-eisiúint chuig custaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim**

Eiseoidh ÚD ROS Deimhnithe chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe leis na mionsonraí seo a leanas faoin RPD seo:

. Deimhnithe cáilithe is ea deimhnithe a eisítear faoin Acht um Thráchtáil Leictreonach, Act 2000. Úsáidtear iad go sonrach maidir le cumarsáid ina mbíonn 'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim' páirteach.
. Deimhnithe a eisítear chuig ionadaí údaraithe Aonáin, mar shampla:

oifigeach poiblí cuideachta nó eagraíochta corpraithe eile,
sealbhóir aonair,
comhpháirtí,
iontaobhaí,
iontaobhaí corparáide,
iontaobhaí ciste pinsean, nó
roinn rialtais nó gníomhaireacht rialtais

agá bhfuil údarás cáipéisí a tharchur go dtí na Coimisinéirí Ioncaim ar son an Aonáin sin,

. Deimhnithe chuig duine aonair ar custaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim é/í, agus
. Deimhnithe chuig ionadaí údaraithe Aonáin, mar shampla, oifigeach poiblí cuideachta nó eagraíochta corpraithe eile, sealbhóir aonair, a chuireann faisnéis ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ar son chliaint an Aonáin sin.

Beidh na nithe seo a leanas i ndeimhniú an aonáin:

| **Réimse** | **Luach** |
|---|---|
| Leagan | "2" (a sheasann do L3 X.509) |
| Sraithuimhir | Slánuimhir ag feidhmiú mar aitheantóir uathúil, arna chruthú ag an ÚD |
| Algartam Síniúcháin<br>Eisitheoir | MD5,RSA, le halgartam md5WithRSAEncryption<br>C=IE, O=Coimisinéirí na gCoimisinéirí Ioncaim, OU=Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, |
| Algartam Síniúcháin | CN=ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim<br>MD5,RSA, le halgartam md5WithRSAEncryption |
| Bailíocht (Ó) | Deimhniú bailí ó dháta. (*dáta eisiúna*) |
| Bailíocht (Go) | Deimhniú bailí go dtí dáta. (*Uaslíon 10 bliain*) |
| Aonán | Ainm ar Leith an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe |

| | |
|---|---|
| | *(Seán Citizen)*<br>mar shampla, c=IE, o=XYZ Company, ou=URR, cn=Seán Citizen |
| Faisnéis Eochair Phoiblí an Aonáin | Criptiú RSA le SHA-1<br>Méid eochrach 1024 |
| Aitheantóir Eochair an Údaráis (AEÚ) | Hais MD5 d'eochair phoiblí ÚD ROS. |
| Aitheantóir Eochair an Aonáin (AEA) | Hais MD5 de dheimhniú an úsáideora. |
| Polasaithe Deimhniúcháin | Polasaí Deimhniucháin AO: 1.2.372.980003.1.1.1.1.1 URL an RPD**:** www.revenue.ie<br>Cáilitheoir Polasaí sna deimhnithe: Deimhnithe cáilithe is ea na deimhnithe a éisítear faoin RPD seo faoin Acht um thráchtáil Leictreonach, 2000 maidir lena n-úsáid ag Daoine Formheasta agus ag Daoine Údaraithe agus iad i mbun cumarsáide leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus chuige sin amháin. |

Eiseofar na hEochracha agus na Deimhnithe faoi réir ag leagan 3 den chaighdeán idirnáisiúnta X.509 v3 in RFC 3280 –
'*Internet X.509 Public Key Infrastructure Certificate and Certificate Revocation List (CRL) Profile*'.
Tagann 'cáilitheoir polasaí' le hEochracha agus le Deimhnithe, a úsáidtear chun príomhphointí an RPD seo a thabhairt chun tosaigh. Is é is cuspóir don cháilitheoir polasaí seo teachtaireacht choimrithe a sholáthar don té a bhíonn ag brath ar na hEochracha agus ar na Deimhnithe sin maidir le cúrsaí polasaí a chaithfidh Páirtí ag Brath a mheabhrú:

Tugtar deimhnithe arna n-eisiúint faoin RPD seo do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe lena n-úsáid i mbun a gcumarsáide leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus chuige sin amháin, agus Ranna Rialtais eile ina bhféadfaí Teastais ROS a úsáid chun críocha

## 1.3.2 Clárú

Déanfaidh ÚD ROS céannacht an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe trí thagairt don fhaisnéis agus don nós imeachta arna riaradh ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 1.3.3 Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe

Tá méid na n-eochracha Fíordhdeimhniúcháin a bhíonn ag Daoine Formheasta nó ag Daoine Údaraithe, arna n-eisiúint ag ÚD ROS ag teacht go huile agus go hiomlán le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cruthóidh ÚD ROS  Deimhnithe don Duine Formheasta's nó don Duine Údaraithe i slí a chinnteoidh nach mbeidh teacht ar dhuine ar bith eile seachas an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe sin ar an Eochair Phríobháideach.

### 1.3.3.1 Feidhmeanna Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe

Déantar feidhmeanna Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe a shainmhíniú in Aguisín A, Coinníollacha Úsáide.

### 1.3.3.2 Sonraí Teagmhála an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe

Is féidir na sonraí teagmhála seo a leanas don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe a fhoilsiú in eolaire rúnda i nDeimhniú Eochair Phoiblí an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe sin, ag teacht le caighdeáin X.509:

1. 1. Ainm an Aonáin agus ainm an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe in Ainm ar Leith an Chríoch-Aonáin i réimsí Eagraíochta "O" agus Gnáthainmn "CN". Nótáil go mbeidh ainm an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe a bhíonn ag gníomhú ar a son féin sna réimsí Eagraíochta agus Gnáthainm araon.
2. 2. Uimhir Rochtana ROS (URR) in Ainm ar Leith an Aonáin i réimse "Aonad Eagraíochta" "OU".

Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim na sonraí teagmhála a bhaineann leis an Aonán agus leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe ina rún, mar fhaisnéis a bhaineann le cáiníocóir.

## 1.3.4 Infheidhmitheacht

Úsáidtear deimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS mar thaca le malartú daingean faisnéise idir  custaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Coimisinéirí Ioncaim.

## 1.3.5 Sonraí Teagmhála

Tá sonraí teagmhála Bhainisteoir BEP ROS PKI le fáil ag:

Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, Teach Trident, An Charraig Dhubh, Contae Átha Cliath

Guthán: (1) 890 201106

R-Phost: roshelp@revenue.ie

# 2 Forálacha Ginearálta

## 2.1 Oibleagáidí

Clúdaíonn an t-alt seo oibleagáidí na gCoimisinéirí Ioncaim agus BEP na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis na haonáin ar fad a bhíonn ag brath ar Dheimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe.

### 2.1.1 Oibleagáidí Ginearálta

Soláthróidh ÚD ROS bonneagar daingean teachtaireachtaí ina gcumasaítear oibriú Deimhnithe a úsáideann modheanna cripteagrafaíochta a bhaineann le hEochair Phoiblí. Is é ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a bheidh mar bhuaicphointe iontaoibhe laistigh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2.1.2 Oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá mionsonraí oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim le fáil in Alt 2.1.2.1 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Dheimhniúchán BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 2.1.3 ÚD ROS's Oibleagáidí

Déanfaidh ÚD ROS:

. Iarratais a ghlacadh isteach agus a fhíorú maidir le deimhnithe a eisiúint faoin RPD seo
. Deimhnithe a eisiúint chuig Aonáin
. Deimhnithe a eisiúint chuig custaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim (Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe)
. De réir, agus féachfaidh chuige go ndéanfaidh a chuid fostaithe agus fo-chonarthóirí de réir na gcoinníollacha a leagtar síos san RPD seo agus de réir na gcleachtas a leagtar síos in RCD na gCoimisinéirí Ioncaim
. Faisnéis a bhaineann le deimhnithe a chothabháil in Eolaire sonraithe X.500 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, rud a chuimníonn CRLa fhógairt mar is gá
. Deimhnithe arna n-eisiúint ag an ÚD a chealu de réir na bpolasaithe a leagtar síos san RPD seo agus de réir na gcleachtas san RCD

### 2.1.4 Oibleagáidí Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe

Tá na hoibleagáidí a bhaineann le Duine Formheasta nó le Duine Údaraithe leagtha amach sna Coinníollacha Úsáide, sna téarmaí agus coinníollacha a sholáthraítear agus a shínítear sula n-eisítear deimhnithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2.1.5 Oibleagáidí ar Pháirtí ag Brath

Is é feidhmchlár Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim Páirtí ag Brath príomha BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

. Tá cur síos ar na hOibleagáidí a bhaineann le Páirtí ag Brath leagtha síos sna Coinníollacha Úsáide in Aguisín A.
. Tá sí mar oibleagáid ar Pháirtí ag Brath deimhnithe ROS a úsáid chun críocha dlíthiúla agus údaraithe amháin, faoi réir ag na Coinníollacha Úsáide in Aguisín A agus ag dlíthe a bhaineann le hábhar.

### 2.1.6 Oibleagáidí Stóir

Is é Eolaire X.500 na gCoimisinéirí a chuireann feidhmeanna Stór na fCoimisinéirí Ioncaim i gcrích. Pearsanra de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim amháin atá in ann an stór sin a rochtain.

BEP na gCoimisinéirí Ioncaim atá freagrach as bonneagar oibríochtúil Eolaire X.500 a sholáthar agus a chothabháil.

## 2.2 Dliteanas

Leagtar dliteanas na bpáirtithe amach sna Coinníollacha Úsáide (Aguisín A).

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.2 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 2.3 Freagracht Airgeadais

### 2.3.1 Caidreamh Muiníne

Ní hionann Deimhnithe a eisiúint faoin RPD seo agus gníomhaí, iontaobhaí ná ionadaí ar bith eile de chuid na ngCoimisinéirí Ioncaim a dhéanamh den Duine Formheasta nó den Duine Údaraithe ná den Aonán a mbíonn siad ag feidhmiú ar a shon.

NÓTA – Is é feidhmchlár Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim Páirtí ag Brath príomha BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 2.4 Léirmhíniú

### 2.4.1 Reachtaíocht Rialúcháin

Tá an RPD faoi rialú ag dlíthe i bhfeidhm i bPoblacht na hÉireann.

## 2.4.2 Inscarthacht, Maireachtáil, Cumasc, Fógra

### 2.4.2.1 Inscarthacht

I gcás go ndéantair neamhbhailí, neamhdhleachach nó neamh-fhorfheidhmithe faoin dlí ar chúis ar bith foráil ar bith de chuid an RPD seo, ní dhéanfar neamh-fhorfheidhmithe dá réir foráil ar bith eile, ach bainfear de thuiscint as an RPD ina dhiaidh sin nach raibh foráil mar sin riamh ina chuid de agus féachfar, chomh fada is is féidir, le ciall bhunaidh an RPD seo a choinneáil.

### 2.4.2.2 Maireachtáil (Oibleagáidí Leanúnacha)

Ní bhaineann le hábhar.

### 2.4.2.3 Cumasc

Ní bhaineann le hábhar.

### 2.4.2.4 Fógra

Déanfar fógra agus saghas ar bith eile cumarsáide atá riachtanach faoin RPD seo a fhoilsiu nó a chur ar fáil trí Shuíomh Idirlín Dheimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 2.4.2.5 Gníomh Fógra

Eiseoidh ÚD ROS fograí maidir leis na teagmhais seo a leanas:

- Bunú RPD nua le teacht in áit an RPD seo
- Athrú ar bith ar RPD reatha

### 2.4.2.6 Admháil as Fógra

Ní bhaineann le hábhar.

## 2.4.3 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidi

Glactar leis go gclúdaíonn na forálacha a bhaineann le réiteach díospóidí le hábhar ar bith a chlúdaíonn an RPD seo. I measc na n-ábhar sin, tá:

- Cúrsaí a bhaineann le conarthaí dá dtacaíonn an RPD seo, Coinníollacha Úsáide san áireamh
- Polasaithe agus cleachtais a bhaineann le príobháideachais, a mbíonn anáil ag an RPD seo orthu, nó **vice versa**

Ba cheart déileáil le díospóidí maidir le cúrsaí reachtaíochta cánach agus bealach a riartha

de réir na gnáthriachtanas dlíthiúla, dlíthe agus cleachtais riaracháin san áireamh.

### 2.4.3.1 Ordlathas um Polasaí Deimhniúcháin

Faoi réir ag na forálacha i gCaibidil de Chuid 38 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus gan dochar do na forálacha sin, i gcás go n-éiríonn díospóid ábhartha idir BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus Duine Formheasta nó Duine Údaraithe, cuirfear an tosaíocht seo a leanas i bhfeidhm: i gás go gclúdaítear ábhar na díospóide sna Coinníollacha Úsáide nó i gcuid ar bith eile den RPD seo, is iad na Coinníollacha Úsáide a bheidh i bhfeidhm.

Ní thacaítear san RPD le cás ina mbítear ag brath ar an tríú páirtí, mar shampla, idir an RPD seo agus eagraíocht ar bith eile, seachas BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2.4.3.2 Próiseas

I gcás go n-éiríonn díospóid i measc daoine maidir leis an RPD seo, aontaíonn na páirtithe de mheon macánta gach iarracht réasunta a dhéanamh an díospóid a réiteach trí mheán na hidirbheartaíochta nó na headrána.

I gcás nach mbíonn na páirtithe in ann díospóid a réiteach laistigh de 28 lá ó dháta a tionscanta, aontaíonn na páirtithe idirghabhálaí neamhsphleách a cheapadh in éineacht, le cáilíochtaí cuí agus taithí phraticiúil (“idirghabhálaí”), chun críocha an díospóid sin a réiteach, agus aontaíonn siad glacadh le cinneadh an idirghabhálaí sin.

I gcás nach mbíonn na páirtithe in ann teacht ar aon intinn faoina rogha idirghabhálaí laistigh de 56 lá ó dháta a tionscanta, aontaíonn na páirtithe glacadh le hidirghabhálai arna (h)ainmniú ag Uachtarán reatha Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann. Is féidir le páirtí ar bith a iarraidh ar an Uachtarán an t-ainmniúchán sin a dhéanamh.

Cuirfidh na páirtithe ar fáil don idirghabhálaí go pras (agus cuirfidh ceangal cuí air/uirthi maidir le hoibleagáidí rúndachta) gach faisnéis á héileamh go réasúnta ag an idirghabhálaí maidir leis an díospóid sin.

Déanfaidh an t-idirghabhálaí gach iarracht réasunta a dhéanamh cinneadh a thabhairt laistigh de 30 lá i ndiaidh dó/di an fhaisnéis a fháil agus, muna féidir sin, chomh luath is a bheidh indéanta ina dhiaidh sin, agus aontaíonn na páirtithe a gcomhoibriú iomlán a thabhairt don idirghabhálaí chun an cuspóir sin a thabhairt i gcrích.

Roinnfidh na páirtithe táillí agus costais an idirghabhálaí go cothrom eatarthu féin.

I gcás go gceapann páirtí amháin nach próiseas oiriúnach an ceann thuasluaite, is féidir leis na páirtithe teacht ar aontú maidir le próiseas eile a oireann níos fearr do chúinsí na díospóide.

Déanfar díospóidí idir BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus gníomhaireachtaí eile Rialtais

de réir na socruithe idir na páirtithe ábhartha.

## 2.5 Táillí

Ní bheidh Táillí ar bith iníoctha as eisiúint tosaigh Deimhnithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Is féidir go mbeadhTáillí iníoctha ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe as eisiúintí eile, as athnuachan, as cealú Deimhnithe agus as seirbhísi eile.

Sula ngearrfar táille ar bith, cuirfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe ar an eolas ina leith sin roimh ré.

## 2.6 Foilsiú

### 2.6.1 Faisnéis ÚD ROS a Fhoilsiú

Bíonn fáil ar an RCD seo i bhformáid leictreonach (PDF) agus i gcló ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín C).

Déanfar cóip de luach hais ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a stóráil laistigh de Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith (féach Aguisín C).

### 2.6.2 Minicíocht a Foilsithe

Déantar leaganacha nua-cheadaithe an RCD seo a fhoilsiú gan mhoill.

### 2.6.3 Rialúcháin Rochtana

Is gá an RPD seo a fhoilsiú. Níl rialuithe rochtana ar bith ann maidir leis an RCD seo a léamh. Foilseoidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim an RPD seo ar Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín C).

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.6.3 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 2.7 Iniúchadh um Chomhlíonadh

### 2.7.1 A Mhinice is a Dhéantar Iniúchadh um Chomhlíonadh

Déanfar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a iniúchadh ó uair go chéile, d’fhonn féachaint chuige go mbíonn na polasaithe ar a bhfuil cur síos san RPD seo á gcomhlíonadh aige.

### 2.7.2 Céannacht/cáilíochtaí Iniúchóra

Ceapfar mar iniúchóir duine le dóthain taithí maidir le teicneolaíochtaí BEP agus cripteagrafacha a chur i bhfeidhm.

### 2.7.3 Caidreamh Iniúchóra le Páirtí Faoi Iniúchadh

Feidhm an iniúchta as an áireamh, ní bheidh caidreamh ar bith airgeadais, dlithiúil ná eile reatha nó beartaithe ag an iniúchóir leis an bpáirtí faoi iniúcha arbh fhéidir easaontacht leasa a theacht as.

### 2.7.4 Topaicí arna gClúdadh ag Iniúchadh

I measc na gcritéar measúnaithe tá iniúchadh maidir le:

1. Slándáil fhisiciúil.
2. Próiseas cáipéisithe.
3. Scrúdú oiriúnachta maidir le pearsanra oibríochta.
4. Teicneolaíocht.
5. Príobháideachas, a chuimsíonn Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise Rialtas na hÉireann a chomhlánú, mar a leagtar síos san Acht um Chosaint Sonraí (1988).

### 2.7.5 Gníomhartha arna nGlacadh de Thoradh Uireasa

Ní foláir cóipeanna den tuarascáil iniúchóireachta a chur ar fáil faoi rún do na na Coimisinéirí Ioncaim.

I gcás go n-aimsítear neamhrialtachtaí, déanfaidh an tÚCP maoirseacht go pras ar ghníomh leasaithe iomchuí, agus déanfaidh tuairiscí go poiblí ar na cúrsaí sin, mar dhíon ar iontaoibh leanúnach daoine as oibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2.7.6 Torthaí a Chur in Iúl

Cé go gcuirfear an chuid is mó de thorthaí iniúchta ar fáil go poiblí ar an ngnáthdhóigh, is féidir go gcaithfí caitheamh le cuid den ábhar mar ábhar-tráchtála-faoi-rún. Laghdófar an t-ábhar sin chomh mór is is féidir. Ar ndóigh, baineann na srianta is gnáth ar fhaisnéis chustaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a shaoráil, de réir mar is cuí.

## 2.8 Rúndacht agus Príobháideachas

### 2.8.1 Cineálacha Faisnéise le Coinneáil ina Rún

#### 2.8.1.1 Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise an Rialtais a Chur i bhFeidhm

Clúdaíonn Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise an Rialtais faisnéis phearsanta, mar a shaimhnínítear é sin sin san Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (An tAcht) mar fhaisnéis

arna cur ar fáil do/ó/ar son Phoblacht na hÉireann. Tá ceangal ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim déanamh go huile is go hiomlán de réir riachtanais an Achta.

#### 2.8.1.2 Faisnéis um Uimhir Cánach

Cé gur féidir Uimhir Chánach a úsáid chun céannacht Aonáin, Duine Fhormheasta agus Duine Údaraithe a dheimhniú, ní dhéanfar an t-eolas sin a nochtadh ná a úsáid sna Deimhnithe.

NÓTA – Níl Uimhir Rochtana ROS (URR) cludaithe ag an sainmhníniú sin maidir le Faisnéis um Uimhir Cánach, agus déantar a nochtadh i nDeimhniú arna eisiúint chuig Duine Formheasta nó Duine Údaraithe mar chuid d'Ainm ar Leith.

#### 2.8.1.3 Faisnéis maidir le Clárú

Ní féidir faisnéis arna bailiú nó arna coinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim a nochtadh do tríú páirtí ar bith, ach amháin faoi réir ag an Acht um Rúin Stáit (1963) agus ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (1998).

Tá cur síos ar na riachtanais ó thaobh na rúndachta agus an phríobháideachais maidir le faisnéis chlárúcháin in alt 3.1 den RPD seo.

#### 2.8.1.4 Faisnéis Deimhnithe

Tá na riachtanais a bhaineann le rúndacht agus le príobháideachas um Fhaisnéis Deimhnithe leagth amach in alt 4 de na Polasaithe ÚD ROS seo.

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.8.1.4 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 2.8.2 Cineálacha Faisnéise nach Meastar gur Ábhar Rúnda

#### 2.8.2.1 Faisnéis Deimhnithe

Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe ar an eolas maidir le faisnéis sna Deimhnithe lenar féidir an Duine Formheasta nó an Duine a aithint a bheidh á coinneáil ina rún ag Údaraithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 2.8.3 Cealú/Faisnéis Deimhnithe a Nochtadh

Ní chuirfear faisnéis a bhaineann le Duine Formheasta nó le Daoine Údaraithe maidir le cealú deimhnithe a chur ar fáil do dhuine ar bith lasmuigh d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nótáil go gcoineofar ina rún an fhaisnéis a thugann ann do chealú deimhnithe.

### 2.8.4 Saoráil le haghaidh Oifigeach Forfheidhmithe Dlí

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.8.4 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

**Ainneoin a bhfuil ráite thuas, ní choinneoidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim coip d' Eochracha Príobháideacha a bhaineann le Duine Formheasta nó le Duine Údaraithe, agus ní bheidh ar a chumas, dá bharr sin, iad a chur ar fáil d'oifigigh ar bith de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ná de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe.**

**Oibreoidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim go huile is go hiomlán de réir na riachtanas san Acht um Thrádáil Leictreonach (2000), na forálacha a bhaineann le rúndacht, mar a shonraítear in Alt 27, ach go háirithe.**

### 2.8.5 Saoráil mar Chuid de Fhollasú Sibhialta

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.8.5 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

**Ainneoin a bhfuil ráite thuas, ní choinneoidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim coip d' Eochracha Príobháideacha a bhaineann le Duine Formheasta nó le Duine Údaraithe, agus ní bheidh ar a chumas, dá bharr sin, iad a chur ar fáil d'oifigigh ar bith de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ná mar chuid de phróiseas sibhialta saorála, ná fós chun críocha ar bith eile.**

**Oibreoidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim go huile is go hiomlán de réir na riachtanas san Acht um Thrádáil Leictreonach (2000), na forálacha a bhaineann le rúndacht, mar a shonraítear in Alt 27, ach go háirithe.**

### 2.8.6 Follasú ar Iarratas an Aonáin

Tá mionsonraí breise le fáil in Alt 2.8.6 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Stór Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 2.8.7 Cúinsí Saorála Faisnéise Eile

Ní cheadaítear saoráil faisnéise de chineál ar bith eile ach le húdarás an duine lena mbaineann nó faoi riachtanas dlí, mar shampla, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

## 2.9 Cearta um Shealúchas Intleachtúil

### 2.9.1 Foráil Ghinearálta

Téann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim i mbannaí go bhfuil ina sheilbh nó go gcoinníonn sé ceadúnais maidir le Deimhnithe a dheonú do Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe agus maidir le crua-earraí agus bogearraí a úsáid mar thaca leis an RPD seo.

Tugtar aitheantas anseo do Chreat um Polasaí Deimhniúcháin maidir le Bonneagar Eochracha X.509 — IETF RFC 3647 an Idirlín, a úsáideadh i ndréachtdh an RPD seo.

#### 2.9.1.1 BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

Mura gcuirtear a mhalairt in iúl i gconradh ar bith na Coimisinéirí Ioncaim agus RSA Security Ireland Limited, fanann gach ceart intleachtúil, cóipcheart maidir le gach doiciméad bogearraí arna chruthú ag RSA Security Ireland Limited (leictreonach nó eile) i seilbh RSA Security Ireland Limited. Tá ceadúnais ag na Coimisinéirí Ioncaim na bogearraí agus na doiciméid a úsáid a bhíonn ag teastáil i gcomhair oibríocht BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

#### 2.9.1.2 Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le húsáid péirí Eochracha Príobháideacha agus Eochracha Poiblí arna gcruthú ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe, mar chuid de phróiseas clárúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí.

Tá cur síos ar chearta sealúchais maidir leis na Deimhnithe a éisítear chuig Duine Formheasta nó chuig Duine Údaraithe sna Coinníollacha Úsáide.

### 2.9.2 Cóipcheart

Is leis na Coimisinéirí Ioncaim Cóipcheart an RPD seo. Tá Cóipcheart sna hAitheantóirí Oibiachtaí (AO) i gcomhair an RPD seo dílsithe sna Coimisinéirí Ioncaim.

# 3 Aitheantas agus Fíordheimhniú

## 3.1.1 Clárú Tosaigh

Tá faisnéis ábhartha do chlárú tosaigh an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe sna riachtanais maidir le clárú Uimhir Rochtana ROS (URR). Déanann na Coimisinéirí Ioncaim céannacht an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe a chinntiú trí thagairt d'fhaisnéis uimhreach cánach agus d'fhaisnéis eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá cur síos ar na riachtanais sin i Suíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín C). A thúisce is a eisítear URR chuig Aonáin, agus fonn léirithe ag an Aonán sin rannpháirtíocht a ghlacadh i gcóras r-thráchtála Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim céannacht an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe, agus eiseoidh na bogearraí chuig an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe, chomh maith leis an Deimhniú cuí.

Tá faisnéis a bhaineann leis an gclárúchán ag ÚD ROS san RCD seo.

Tabharfar rochtain ar an bhfaisnéis seo a leanas d'Aonáin i mbun iarratas tosaigh a chur isteach ar Dheimhniú faoin RPD seo:
1. 1. Comhairle maidir leis an bhfaisnéis a theastaíonn chun gur féidir leo clárú le Seirbhis Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.
2. 2. Cóip de na Coinníollacha Úsáide.

## 3.1.2 Riarthóirí Úsáideoirí Aonán

Tacaíonn feidhmchlár Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim le hainmniú Duine Formheasta amháin in Aonán mar Riarthóir.

Is féidir le Riarthóir deimhnithe breise a iarraidh le haghaidh úsáideoirí eile san Aonán céanna (Daoine Údaraithe). Is féidir le Riarthóir, mar shampla, cinneadh a ghlacadh feidhmeanna tráthrialta áirithe a thiomnú do bhaill eile d'fhoireann na cuideachta céanna.

Déanfar URR uathúil a shannadh do gach úsáideoir a chláraítar trí mheán an phróisis seo, ach ní bheidh orthu iarratas ar Dheimhniú a chur isteach go díreach trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nótáil go gcuirfear gach úsáideoir san Aonán céanna ar fionraí i bhfeidhmchlár ROS má fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim iarratas bailí chun na hEochracha agus na Deimhnithe a bhaineann le Riarthóir áirithe a chur ar ceal go dtí go gceapfar Riarthóir nua i gcomhair an Aonáin sin.

## 3.1.3 Clárú Tosaigh

Cuimseoidh iarratas an dá fheidhm thíosluaite:

1. 1. Iarratas i gcomhair URR agus pasfhocal tosaigh ó Dhuine Formheasta trí fheidhmchlár ROS agus ó Dhuine Formheasta ar son Duine Údaraithe. Déanfaidh an próiseas sin iarratasóirí ar Dheimhnithe a fhíordheimhniú trí fhaisnéis i dtaobh uimhreacha cánach agus trí fhaisnéis eile a roinneann an Duine Formheasta agus na Coimisinéirí Ioncaim eatarthu.
2. 2. Glacadh ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe leis na Coinníollacha Úsáide.

## 3.1.4 Cineálacha Ainmneacha

Caithfidh gach Duine Formheasta agus Duine Údaraithe ainm ar leith a bheith aige/aici a thagann le caighdeán X.500 maidir le hAinmneacha Ar Leith.

Ceadaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim coinbhinsiúin ainmniúcháin chun ainmneacha ar leith a chruthú i gcomhair iarratasóirí Deimhnithe. Is féidir le fearainn éagsúla polasaí coinbhinsiúin éagsúla ainmniúcháin a úsáid.

## 3.1.5 A Riachtanaí is atá Ainmneacha a mBaineann Brí Leo

Is gá go mbeadh brí le hAinmneacha Ar Leith. Ní ceadmhach leasainmneacha a úsáid. Ní bhfaigheann Deimhnithe gan ainm tacaíocht ar bith.

## 3.1.6 Rialacha Maidir le Foirmeacha Éagsúla Ainmneacha a Léirmhíniú

Agus Deimhniú á chruthú, is iondúil go n-éilítear ainm an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe mar chuid den Ainm Ar Leith.

## 3.1.7 Uathúlacht Ainmneacha

Is gá go mbeadh Ainmneacha Ar Leith ina n-aimneacha uathúla gan an dara brí acu.

## 3.1.8 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí faoi Éilimh Ainmneacha

Déanfar díospóid ar bith faoi Ainm Ar Leith a réiteach faoi théarmaí alt 2.4.3.2.

## 3.1.9 Aithint, Fíordheimhniú agus Ról Trádmharcanna

Is cuid de chúrsaí tráchtála aithint, fíordheimhniú agus ról trádmharcanna. Ní choscfaidh rud ar bith san RCD seo ar dhuine ar bith trádmharc a úsáid in Ainm Ar Leith.

### 3.1.10 Céannacht Aonáin a Fhíordheimhniú

Déantar céannacht eagraíochta a fhíordheimhniú trí thagairt do clár  Uimhreacha Iarratais ROS agus do thaifead na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 3.1.11 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú (Riarthóir)

Déanfar céannacht an Duine Fhormheasta a fhíordheimhniú trí thagairt do thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcás gurb é the Duine Formheasta an t-aon Duine Formheasta amháin ag gníomhú ar son an Aonáin, nó i gcás gur ainmníodh é/í mar an té a bhíonn ag feidhmiú mar Riarthóir ar son an Aonáin.

### 3.1.12 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú (Úsáideoir Eile)

Déanfaidh an Duine Formheasta a ainmnítear mar Riarthóir don Aonáin fíordheimhniú clárúcháin iarratas ó Úsáideoirí eile de chuid an Aonáin sin a reáchtáil. Glacfar leis go bhfuil fíordheimhniú roimh ré ó na Coimisinéirí Ioncaim ag gach iarratas i gcomhair URRanna agus pasfhocal a ghabhann leo.

### 3.1.13 Modh chun Seilbh Eochrach Príobháidí a Chruthú

Tá ceangal ar ÚD ROS a chinntiú chun a shásaimh féin go bhfduil an Eochair Phríobháideach i seilbh an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe ag freagairt don Eochair Phoiblí maidir leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe sin.

Tabharfar mionsonraí maidir leis an modh a úsáidtear chuige sin i nós imeachta oibríocht ÚD ROS. Ba cheart é sin a dhéanamh maidir leis na heochracha ar fad.

## 3.2 Athnuachan Tráthrialta Deimhnithe

Ní thacaíonn ÚD ROS le hathnuachan tráthrialta Deimhnithe.

## 3.3 Atheochrú tar éis Cealaithe

Ní ceadmhach atheochrú tar éis Deimhniú a chealú. Caithfidh Duine Formheasta ag iarraidh Deimhnithe i ndiaidh a gcealaithe iarratas a chur isteach ar URR nua, amhail is dá mba iarratas nua deimhnithe é, trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim web site.

# 4 Riachtanais Oibríochtúla

## 4.1 Iarratas maidir le Deimhniú

Caithfear le hiarratas ar chláru ó Dhuine Formheasta mar iarratas ar Dheimhniú formheasta arna eisiúint de réir an RPD seo.

## 4.2 Eisiúint Deimhnithe

Ní eiseofar Deimhniú chuig Duine Formheasta nó Duine Údaraithe ach amháin tar éis próiseas clárúcháin a chomhlánú. Féach alt 3.1.

Tar éis a chomhlánaithe sin, eiseofar deimhnithe chuig an Duine Formheasta nó Duine Údaraithe. Ní bhíonn eochair phríobháideach síniúcháin bailí ach go ceann dhá bhliain ar a mhéid. Beidh an deimhniú poiblí a bhaineann leis bailí go ceann dhá bhliain. Déanfar an dáta síothlaithe a ríomh mar dhá bhliain tar éis an dáta ar ar chruthaigh ÚD ROS an Deimhniú.

### 4.2.1 Próiseas Eisiúna Deimhnithe

Cruthaítear Eochracha don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe i dtimpeallacht ríomhaireachta an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe le húillín sínithe mar chuid de rogha “Aisghabháil Deimhnithe” ó phríomhleathanach idirlín iarratas ROS.

Déanfaidh an próiseas cruthaithe eochracha na heochracha a chruthaítear a stóráil go daingean taobh istigh de thimpeallacht ríomhaireachta an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe, agus cruthóidh ina dhiaidh sin iarratas chuid ÚD maidir le Deimhniú nua.

Iarrfar agus dáilfear Deimhnithe tríd an Idirlíon, i seisiún daingean (SSL 128 giotán).

Déanfar Deimhnithe a stóráin in Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith.

#### 4.2.1.1 Ceart ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Iarratais ar Dheimhnithe a Dhiúltú

Eisítear Deimhnithe trí rogha na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcás go n-eitítear iarratas ar Dheimhniú, caithfidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim é sin a chur in iúl go pras don iarratasóir. Níl ceangal ar bith ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim fáth an eitithe a nochtadh maidir le hiarratas ar bith ar Dheimhniú, ach amháin de réir dlí nó rialachán rialtais.

#### 4.2.1.2 Tréimhsí Oibríochta

Bíonn tús le tréimhsí oibríocht Deimhnithe lá a n-eisithe, muna gcuirtear a mhalairt in iúl sa Deimhniú. Is é an TD a rialaíonn tréimhe oibríochta an Deimhnithe.

Ní féidir tréimhse oibríochta níos sia ná mar a cheadaítear faoi na hionstraimí thuas a bheith mar thoradh ar dháta síothlaithe Deimhnithe eisithe. I gcás go n-eisítear Deimhniú le tréimhse oibríochta níos mó ná mar a cheadaítear, cealaítear an Deimhniú.

## 4.3 Glacadh le Deimhniú

Is é is glacadh ann, Cruthú Eochracha agus/nó Deimhnithe a fháil, agus ciallóidh a n-úsáid ina dhiaidh sin go bhfuil glactha ag lucht a n-úsaidte leis na Coinníollacha Úsáide agus le riachtanais eile an RPD.

Trí ghlacadh le Deimhnithe, toilíonn Duine Formheasta nó Duine Údaraithe déanamh de réir na bhfreagrachtaí leanúnacha, na n-oibleagáidí leanúnacha agus na ndualgas leanúnacha a leagtar orthu faoi na Coinníollacha Úsáide agus faoin TD ábhartha.

## 4.4 Deimhniú a Chealú

Cealóidh ÚD ROS Deimhnithe in úsáid de réir an RPD seo má tharlaíonn teagmhas ar bith a luaitear in alt 4.4.1.

### 4.4.1 Cúinsí a Chealaithe

Cealóidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Deimhnithe sna cásanna seo a leanas:

1. 1. Caitear amhras ar na hEochracha nó ar na Deimhnithe.
2. 2. Caitear amhras ar na meáin ina gcoinnítear an Eochair Phríobháideach.
3. 3. Tagann críoch mar aonad trádála leis an Aonán a raibh an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe mar ionadaí air. Mar shampla, trí bhás, trí leachtú nó trí dhíscaoileadh páirtíochta.
4. 4. Tagann críoch le tréimhse ionadaíochta an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe mar ionadaí don Aonán
5. 5. Eisítear Deimhniú go mírialta nó go hearráideach.
6. 6. Baineann Duine Formheasta nó Duine Údaraithe mí—úsáid as na Deimhnithe.
7. 7. Éiríonn an fhaisnéis sa Deimhniú mí-chruinn.
8. 8. Tagann deireadh le hoibriú ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD ROS.
9. 9. Tagann iarratas isteach chuig ÚD ROS faoi Alt 4.4.3.

## 4.4.2 Daoine i dTeideal Cealú a Iarraidh

Is féidir leis na daoine seo a leanas cealú Deimhnithe a thionscnamh:

1. The BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.
2. An Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe a ainmnítear sna réimsí Gnáth-Ainm nó Eagraíochta.
3. An tAonán atá ainmnithe sa réimse Deimhniú Eagraíochta.
4. An Duine Formheasta atá ainmnithe san iarratas chuig ROS mar Riarthóir i gcomhair Deimhnithe san Aonán céanna.
5. Tríú páirtithe údaraithe (féach thíos sa leathanach seo). Féadann ÚD ROS cealú a thionscnamh sna cásanna seo a leanas:

1. I gcás go mbíonn iarratas ar chealú faighde aige san fhormáid iomchuí.
2. I gcás go mbíonn cúis aige a cheapadh gur caitheadh amhras ar na Deimhnithe nó ar na hEochracha.
3. I gcás go mbíonn cúis aige a cheapadh gur caitheadh amhras ar an Duine Formheasta nó ar an Duine Údaraithe.
4. I gcás go mbíonn cúis aige a cheapadh gur caitheadh amhras ar an Aonán a bhfuil Duine Formheasta nó Duine Údaraithe mar ionadaí air.
5. I gcás go gcaitear amhras ar a Eochracha nó ar a Dheimhnithe féin.
6. I gcás go dtagann deireadh le hoibriu ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus/nó ÚD ROS.
7. I gcás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil deireadh leis an Aonán a bhfuil an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe mar ionadaí air, mar shampla, trí bhás, trí leachtú nó trí dhíscaoileadh páirtíochta.
8. I gcás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim gur bhain Duine Formheasta nó Duine Údaraithe mí-úsáid as na Deimhnithe.

Féadfaidh an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe nó an tAonán ar a bhfuil siad mar ionadaithe air gníomh cealaithe a thionscnamh in am ar bith.

Féadfaidh tríú páirtithe údaraithe iarratas a chur isteach chun Deimhniú a chealú trí ÚD ROS. I measc na bpáirtithe údaraithe sin, tá:

1. Tríú páirtithe a bhfuil Cumhacht Aturnae acu ón Aonán, ón Duine Formheasta nó ón Duine Údaraithe agus, i gcás mar sin, caithfidh ÚD ROS an Chumhacht Aturnae sin a fhíordheimhniú, mar aon le céannacht an duine ábhartha.
2. Gníomhaire Cánach le húdarás i scríbhinn chun gníomhú ar son an Aonáin.
3. Cúirt Éireannach le dlínse chun tabhairt ar ÚD ROS an gníomh sin a dhéanamh agus, i gcás mar sin, caithfidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim bailíocht an ordaithe cúirte a dhearbhú.

Nótáil gur féidir ordú cúirte maidir le cealú Deimhnithe a sheirbheáil go díreach ar ÚD ROS.

### 4.4.3 Nós Imeachta um Iarratas Maidir le Deimhniú a Chealú

#### 4.4.3.1 Próiseáil ag ÚD ROS

Chun iarratas ar chealú a phróiseáil, caithfidh ÚD ROS na nithe seo a leanas a dhéanamh:

. Iarratais sínithe a ghlacadh isteach
. An Deimhniú a chealú
. An Deimhniú a chur ar a LDC
Fógra a eisiúint chun an Aonáin agus/nó an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe ag dearbhú gur cealaíodh na hEochracha agus an Deimhniú agus dáta a gcealaithe. Ní gá go dtabharfaí fáth an chealaithe san fhógra.

Nótáil:
. Nach ndéantar Deimhnithe cealaithe a bhaint as Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim X.500 go dtí go gcuirfear i gcartlann de réir an RPD seo.
. Foilseoidh ÚD ROS fógra i dtaobh Deimhnithe cealaithe in LDC Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim X.500 i gcomhair a úsáidte ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

#### 4.4.3.2 Dualgais Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe

Ba chóir don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe ar cealaíodh Deimhnithe ina s(h)eilbh lánscrios a dhéanamh ar an Eochair Phríobháideach a bhaineann lena c(h)uid Deimhnithe cealaithe.

## 4.5 Deimhniú a Chur ar Fionraí

Níl tacaíocht ar bith ann maidir le Deimhniú a chur ar fionraí.

### 4.5.1 Minicíocht Eisiúna LDC

Eiseoidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim liosta deimhnithe cealaithe (LDC) uair amháin sa ló, ar a laghad.

## 4.6 Loganna Iniúchta

Tá mionsonraí le fáil in Alt 4.5 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

### 4.6.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh

Tá mionsonraí maidir leis na teagmhais is lú atá le cartlannú laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le fáil i ndoiciméad ar leithligh maidir le Polasaí um Iniúchadh agus Cartlannú.

## 4.6.2 Tréimhse Coinneála Cartlainne0

### 4.6.2.1 Eochracha a Choinneáil Slán

Ní choinnítear Eochracha Príobháideacha le Daoine Formheasta nó le Daoine Údaraithe laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ná fós ag na Coimisinéirí Ioncaim.

### 4.6.2.2 Deimhniú a Choinneáil Slán

Coinneofar Deimhnithe arna n-eisiúint agÚD ROS faoin RPD seo i gcartlann ar feadh tréimhse nach lú ná deich mbliana ó dháta a síothlaithe, mura sonraítear a mhalairt de thréimhse chun freastal ar riachtanas na gCoimisinéirí Ioncaim, le comhaontú an ÚCP.

### 4.6.2.3 Tréimhse Cothabhála Cartlainne

Déantar faisnéis um an rian iniúchta a choinneáil ar feadh ar feadh tréimhse deich mbliana ó dháta a chruthaithe ar a laghad, mura sonraítear a mhalairt de thréimhse chun freastal ar riachtanas na gCoimisinéirí Ioncaim, le comhaontú an ÚCP.

## 4.6.3 Cartlann a Chosaint

Déantar meáin cartlanna a chosaint le córas slándála fisiciúil nó le cumasc de shlándáil fhisiciúil agus de chosaint chripteagrafach. Déantar iad a dhíonadh in aghaidh cúinsí timpeallachta chomh maith, teocht, taise agus maighnéadacht, mar shampla.

## 4.6.4 Nós Imeachta um Chartlann a Chúltacú

Tá nós imeachta seanbhunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cartlanna a chúltacú, d’fhonn a chinntiú gur féidir seirbhís reatha agus cumas fíordheimhniúcháin a chur ar ais i mbun oibre go huile is go hiomlán. Tá mionsonraí maidir leis na polasaithe atá le leanúint sa nós imeachta sin le fáil i ndoiciméad ar leithligh maidir le Polasaí um Iniúchadh agus Cartlannú.

## 4.6.5 Riachtanais Maidir le Stampaí Ama a Chur ar Thaifid

Níl tacaíocht faoin RPD seo do stampáil ama ag tríú páirtí muiníneach.

## 4.6.6 Córas Bailithe Cartlainne

ÚD ROS atá freagrach as ábhar a chartlannú. Tá cur síos  mionsonraithe maidir leis na polasaithe a bhaineann le cúltacú, le cartlannú agus le stóráil le fáil i ndoiciméad ar leithligh maidir le Polasaí um Iniúchadh agus Cartlannú.

### 4.6.7 Nós Imeachta um Fhaisnéis i gCartlann a Fháil agus a Fhíorú

Déantar sláine cartlainne a fhíordheimhniú de réir na gcritéar a leagtar amach i bPolasaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim um Iniúchadh agus Cartlannú:

1. 1. Uair sa bhliain agus iniúchadh slándála de réir cláir ar siúl.
2. 2. Am ar bith eile a mbíonn iniúchadh iomlán slándála ag teastáil.
3. 3. Am ullmhaithe na cartlainne.

## 4.7 Athrú Eochracha

Tá mionsonraí le fáil in Alt 4.7 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 4.8 Athshlánú iar Eachtra Amhrais nó Tubaiste

Caithfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim faisnéis mhionsonraithe a choinneáil maidir leis na nithe seo a leanas:

1. 1. Pleanáil éigeandála agus athshlánaithe i ndiaidh tubaiste
2. 2. Bunlíne cumraíochta ÚD ROS
3. 3. Cúltacú, le cartlannú agus le stóráil i suíomh eile

Faoi réir ag na riachtanais i Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cuirfear na pleananna sin ar fáil do na daoine a bhíonn freagrach as iniúchadh slándála a dhéanamh ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus do dhaoine a bhíonn freagrach as na tascanna sin a chur i gcrích ar bhonn eolas mar is gá.

### 4.8.1 Má Thruaillítear Acmhainní Ríomhaireachta, Bogearraí nó/agus Sonraí

Soláthróidh an plean maidir le Bunlíne Cumraíochta, maidir le Polasaí um Iniúchadh agus Cartlannú agus maidir le Leanúnachas Gnó treoir chun teipeanna comhpháirteanna a aithint agus chun seirbhísí a athshlánú ina dhiaidh sin.

### 4.8.2 Má Chealaítear Eochair Phoiblí ÚD ROS

Beidh plean ag ÚD ROS maidir le heochracha agus custaiméirí ar caitheadh amhras orthu ina dtabharfar aghaidh ar na gníomhartha atá le cur i gcrích i gcás go ndéantar Eochair Phoiblí ÚD ROS a chealú.

### 4.8.3 Má Chaitear Amhras ar Eochair Phoiblí ÚD ROS

Beidh nós imeachta ag ÚD ROS ina dtabharfar aghaidh ar na gníomhartha atá le cur i gcrích i gcás go gcaitear amhras ar Eochair Phríobháideach ÚD ROS.

### 4.8.4 Áis a Dhaingniú Tar Éis Tubaiste Nádúrtha nó Eile

Déanfar cúltacú, cartlannú agus stóráil i suíomh eile a bhainistiú de réir an phlean um chúltacú, cartlannú agus stóráil i suíomh eile.

### 4.8.5 Plean Éigeandála agus Athshlánaithe i ndiaidh Tubaiste

Tá plan um Leanúnachas Gnó ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, ina dtugtar aghaidh de réir mar a chuirtear in iúl san RPD seo, ar na gníomhartha atá le cur i gcrích chun oibríochtaí gnó lárnaigh a athshlánú chomh tapaidh is a bheidh indéanta i gcás go gcuirtear isteach go hábhartha ar oibríochtaí córais de bharr dóiteá, stailceanna nó mar sin de.

## 4.9 Foirceannadh ÚD ROS

I gcás go gcuirtear deireadh le hoibríochtaí ÚD ROS ar chúis ar bith, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach iarracht an fógra is faide ar a gcumas a thabhairt do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine.

Cuirfear socruithe in áit chun an fhaisnéis ÚD atá i gcartlanna a choinneáil, a chuimseoidh deimhnithe, eochracha cealaithe, loganna iniúchta agus gach faisnéis ghaolmhar eile, de réir Alt 4.6.

Tá gealltanas ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim próiseas daingean a sholáthar faoina Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe in ann a ndualgais a chomhlíonadh i modh éifeachtúil, gan róchostas.

# 5 Rialuithe Slándála, idir Fhisiciúil, Nós Imeachta agus Phearsanra

## 5.1 Rialuithe Fisiciúla

Tá mionsonraí le fáil in Alt 5.1 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 5.2 Rialuithe Nós Imeachta

Tá mionsonraí le fáil in Alt 5.2 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

## 5.3 Rialuithe Pearsanra

Tá mionsonraí le fáil in Alt 5.3 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

# 6 Rialuithe Teicniúla Slándála

## 6.1 Péire Eochracha a Chruthú agus a Shuiteáil

### 6.1.1 Cruthú Péire Eochracha do Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe

Féach alt 4.2.1 den doiciméad seo.

### 1. 6.1.2 Eochair Phríobháideach a Sheachadadh chuig Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe

Féach alt 4.2.1 den doiciméad seo.

### 2. 6.1.3 Eochair Phoiblí a Sheachadadh chuig Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe

Féach alt 4.2.1 den doiciméad seo.

### 6.1.4 Eochair Phoiblí ÚD ROS a Sheachadadh

Beidh Eochair Phoiblí ÚD ROS ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín C).

Cuirfear Eochracha i gcomhair Daoine  Formheasta nó Daoine Údaraithe de réir na riachtanas in alt 4.2.1.

### 6.1.5 Méid Eochracha

Íoslíon 2048 giotán a bhíonn in eochracha príobháideacha síniúcháin ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS. Íoslíon 1024 giotán atá ann maidir le heochracha Críoch-Aonán i gcomhair Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe.

### 6.1.6 Paraiméadair Eochrach Poiblí a Chruthú

Is é ÚD ROS a chruthóidh na paraiméadair a úsáidtear chun Eochracha Poiblí  a chruthú.

### 6.1.7 Cáilíocht Paraiméadar a Sheiceáil

Déanfar cáilíocht na bparaiméadair i gcomhair Eochracha Poiblí a sheiceáil go huathoibríoch leis na bogearraí ÚD a oibríonn ÚD ROS.

1. **6.1.8 Eochair Crua-/Bogearraí a Chruthú**
2. **6.1.9 Críocha Úsáidte Eochracha**

| |
|---|
| Déanfar eochracha ÚD ROS a chruthú i gcrua-earraí, mar a leagtar síos sa pholasaí slándála. Déanfar na heochracha síniúcháin ÚD ar fad a chruthú agus a stóráil i modúil dhaingne crua-earraí de chaighdeán arna rátú go Leibhéal 3 FIPS 140-1 ar a laghad. |

Is féidir Eochracha Duine Formheasta nó Daoine Údaraithe a úsáid chun na críocha ar a bhfuil cur síos in alt 1.3.4.

# 6.2 Eochair Phríobháideach ÚD ROS a Chosaint

## 6.2.1 Caighdeáin Maidir le Modúl Cripteagrafach

Is modúil chripteagrafacha a shásaíonn caighdeáin idirnáisiúnta, mar shampla, Leibhéal 3 FIPS 140-1 a úsáidtear in oibríochtaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Déantar eochracha in usáid ag ÚD ROS a chruthú agus a stóráil i modúl slándála crua-earraí (MSC), arna bhailíochtú go Leibhéal 3 FIPS 140-1.

## 6.2.2 Rialú Eochrach PrIobháidí ag Daoine Éagsúla

Beidh Eochracha Príobháideacha ÚD ROS á rialú ag meitheal daoine.

## 6.2.3 Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí

Ní thacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí.

## 6.2.4 Eochair Phríobháideach a Chúltacú

Déantar Eochracha Príobháideacha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS a stóráil go daingean.

Ní choinníonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim cóip ar bith de na hEochracha Príobháideacha a eisítear chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe. Oibríonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim go huile is go hiomlán de réir na riachtanais um rúndacht a shainmhínítear san Acht um Thrádáil Leictreonach (2000), Alt 27

## 6.2.5 Eochair Phríobháideach a Chur i gCartlann

Féach alt 4.6.2.1. den doiciméad seo.

### 6.2.6 Eochair Phríobháideach a Iontráil i Modúl Cripteagrafach

Déanfar an Eochair Phríobháideach a úsáideann Duine Formheasta nó Duine Údaraithe le haghaidh ÚD ROS a chruthú leis na bogearraí cripteagrafacha i bhfeidhmchlár cliant ROS.

### 6.2.7 Conas Eochair Phríobháideach a Ghníomhachtú

Úsáidtear feidhmchlár ROS chun na heochracha príobháideacha a ghníomhachtú nuair a éiríonn le próiseas logála ina n-iarrtar luach pasphrása úsáideora údaraithe agus ina ndéantar é sin a bhailíochtú.

### 6.2.8 Conas Eochair Phríobháideach a Dhíghníomhachtú

Déanfar eochracha príobháideacha a dhíghníomhachtú nuair a dhíghníomhachtaítear bogearraí feidhmchláir ÚD ROS or ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 6.2.9 Conas Eochair Phríobháideach a Scrios

Déantar na bogearraí a chuirtear ar fáil do Dhuine Formheasta nó do Dhuine Údaraithe a dhearadh i slí a chinnteoidh go scriosfar na hEochracha Príobháideacha sa chuimhne trí nialais a scríobh anuas ar an ábhar sin nuair a mhúchtar na bogearraí.

## 6.3 Gnéithe Eile de Bhainistiú Péirí Eochracha

### 6.3.1 Eochair Phoiblí a Chur i gCartlann

Cuirfidh ÚD ROS a Eochair Phoiblí i gcartlann.

### 6.3.2 Tréimhsí Úsáide  Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha

Tréimhse úsáide sé (6) bliana a mhairfidh Eochair Phríobháideach ÚD ROS. Tréimhse úsáide dhá (2) bhlain atá ann don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe.

## 6.4 Sonraí Gníomhachtaithe

### 6.4.1 Sonraí Gníomhachtaithe a Chruthú agus a Shuiteáil

No activation data other than the correct pass-phrase value shall be required to operate the cryptographic software supplied to Duine Formheasta nó Duine Údaraithe.

### 6.4.2 Sonraí Gníomhachtaithe a Chosaint

Ní bheidh sonraí gníomhachtaithe ar bith seachas an luach ceart pasphrása ag teastáil chun na bogearraí cripteagrafacha a chuirtear ar fáil don Duine Formheasta nó don Duine

Údaraithe a oibriú.

# 6.5 Rialuithe Slándála Ríomhairí

## 6.5.1 Riachtanais Teicniúla a Bhaineann go Sonrach le Slándáil Ríomhairí

Tá Polasaí um Shlándáil Córas bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil riachtanais theicniúla ina chuid de maidir le hoibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 6.5.2 Rátú Maidir le Slándáil Ríomhairí

Ní bhaineann le hábhar.

# 6.6 Rialuithe Teicniúla Maidir le Ciogal Saoil

Tá mionsonraí le fáil in Alt 6.6 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

# 7 Próifíleanna Deimhnithe agus LDC

## 7.1 Próifíl an Deimhnithe

### 7.1.1 Uimhriú na Leaganacha

Úsáideann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Deimhnithe Leagan 3 de X.509, a mbíonn v.3 (luach slánuimhreach 2) i réimse an leagain, agus tacaíonn leis sin.

### 7.1.2 Síneadh le Deimhniú

Úsáideann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim síntí Deimhnithe Leagan 3 de X.509, a mbíonn v.3 (luach slánuimhreach 2) i réimse an leagain, agus tacaíonn leis sin. Úsáidtear na Síntí Caighdeánacha seo a leanas sna Deimhnithe a eisítear chuig an Duine Formheasta nó chuig Duine Údaraithe:

| Síneadh | Stádas | Úsáid |
|---|---|---|
| Polasaithe Deimhniúcháin | neamh-chriticiúil | Soláthraíonn: AO do Pholasaí Deimhniúcháin; URL don Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin agus téacs cáilithe polasaí |

Ní thacaíonn ÚD ROS le húsáid síntí Príobháideacha le Deimhnithe arna n-eisiúint chuig Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe. Is é an stádas a shannaítear do shíneadh a shocraíonn conas a chaithfidh feidhmchlár bailíochtaithe Deimhnithe leis an Deimhniú.

. I gcás nach n-aithníonn an próiseas bailíochtaithe síneadh ina rud **criticiúil**, diúltófar don Deimhniú
. I gcás nach n-aithníonn an próiseas bailíochtaithe síneadh ina rud **neamh-chriticiúil**, is féidir neamairt a dhéanamh den síneadh.

### 7.1.3 Aitheantais Oibiachtaí Algartam

Is féidir AOnna a shannadh d’algartaim a úsáidtear taobh istigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus a dtugtar tacaíocht dóibh ann.

Tacófar leis na halgartaim haiseála/díolama seo a leanas:

1. Algartam Daingean Haiseála -1 (SHA-1)

2. Díolaim Teachtaireachtaí 5 (MD5)

Tacófar leis na halgartaim líonta seo a leanas:

1. ISO 9796

2. PKCS#1

Tacófar leis na halgartaim chripteagrafacha seo a leanas:

1. RSA

2. DES triarach

3. DES

Tacófar le húsáid níos mó ná algartam amháin san ordlathas.

## 7.1.4 Foirmeacha na nAinmneacha

I nDeimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD ROS ainm ar leith an ÚD ROS agus an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe.

## 7.1.5 Srianadh na nAinmneacha

Níl tacaíocht ar bith ar fáil i gcás easpa ainmneacha ná do leasainmneacha.

## 7.1.6 Aitheantóir Oibiachta Polasaí Deimhnithe

Beidh AO an RPD seo i réimse sínte “certificatePolicy” Deimhnithe X.509 agus foilsítear san RPD seo é.

## 7.1.7 Síneadh Srianta Polasaí a Úsáid

Úsáidfidh BEP ROS an síneadh Srianta Polasaí.

## 7.1.8 Comhréir agus Séimeantaic Cáilitheoirí Polasaí

Tacaíonn ÚD ROS le húsáid cáilitheoirí polasaí comhréire agus séimeantaice.

### 1. **7.1.9 Séimeantaic Próiseála do Bhreisiú Deimhnithe Criticiúla**

## 2. **7.2 Próifíl LDC**

Féach na síntí a úsáidtear i nDeimhnithe arna n-eisúint faoi alt 1.3.1.2.3 ÚD ROS.

### 7.2.1 Uimhriú na Leaganacha

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim CRLanna Leagan 2 de X.509 i gcomhair LTCanna a bhíonn ar fáil go poiblí, agus tacaíonn leis sin.

# 8 Riarachán Sonraíochta

Tá mionsonraí le fáil in Alt 8 de Ráiteas um Chleachtais Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD na gCoimisinéirí Ioncaim), atá ar fáil ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (Aguisín C).

# Aguisín C

# Seoltaí Idirlín

**1 Suíomh Idirlín maidir le Cáipéisí Polasaí agus Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim**

Tá ceangal ann an doiciméad seo agus doiciméid eile a bhaineann le polasaí agus le cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ar fáil tríd an Idirlíon. Chun na doiciméid sin a rochtain, níl le déanamh agat ach:

1. Dul chuig: http://www.revenue.ie/

Sa doiciméad seo déantar tagairt do stór na ndoiciméad sin um polasaí agus cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus do na treoracha thuasluaite mar **Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.**

Cuimsíonn an stór sin na doiciméid i bhfoirm páipéir a bhíonn ar fáil ag iarratasóirí *bone fide* ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim agus **Suíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim** ina bhfuil leaganacha leictreonach (PDF) de dhoiciméid phoiblí.

**2 Suímh Idirlín ar a bhfuil Tuilleadh Eolais i dtaobh BEP**

. **http://www.pki-page.org/** ar a bhfuil nasc le roinnt faisnéise ginearálta faoi BEP aus Údaráis Deimhniúcháin. Suíomh seachtrach is ea é sin agus níl freagracht ar bith ar na Coimisinéirí Ioncaim Commissioners maidir lena a bhfuil air.

. http://www.ietf.org/rfc/rfc3647.txt/ ar a bhfuil nasc leis an gCreat um Polasaí Deimhniúcháin maidir le Bonneagar Eochracha X.509 an Idirlín. Suíomh seachtrach is ea é sin agus níl freagracht ar bith ar na Coimisinéirí Ioncaim Commissioners maidir lena a bhfuil air.